

Nósanna Imeachta le haghaidh Ionduchtúcháin agus Nósanna Imeachta agus Critéir le haghaidh Promhaidh 2015/2016

De bhun Alt 7(2) (f) agus (g) de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 go 2015

An Chomhairle
Mhúinteoireachta



The Teaching Council

Clár an Ábhair

	Gluais téarmaí	3
	Liosta acrainmneacha	4
1	Réamhrá	5
1.1	Clárú faoi réir coinníollacha	5
1.2	Coinníollacha clárúcháin	6
1.3	Ionduchtú (bunscoil agus iarbhunscoil)	8
1.4	Promhadh (bunscoil)	8
1.5	Fostaíocht iarcháilíochta (iarbhunscoil)	8
1.6	Droichead (bunscoil agus iarbhunscoil)	9
1.7	Tréimhsí ama chun coinníollacha clárúcháin a chomhlíonadh	9
2	Nósanna imeachta le haghaidh ionduchtúcháin	10
2.1	An Clár Ionduchtúcháin (bunscoil agus iarbhunscoil)	10
3	Nósanna imeachta le haghaidh promhaidh i scoileanna neamhphíolótacha (bunscoil)	11
3.1	An próiseas promhaidh	11
3.2	Suíomhanna inar féidir an próiseas promhaidh a dhéanamh	11
3.3	An riachtanas seirbhíse	12
3.4	An riachtanas maidir le hinniúlacht ghairmiúil	12
3.5	An inniúlacht ghairmiúil a mheas: cuairteanna agus tuarascálacha cigireachta	12
3.6	An próiseas promhaidh a chríochnú	14
3.7	Múinteoirí ag bogadh ó shuíomhanna teoranta go suíomhanna príomhshrutha	14
3.8	Riachtanas na Gaeilge	15
3.9	Cáilíochtaí in oideachas múinteoirí a bhaintear amach i dtíortha an Aontais Eorpaigh (AE)/an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE)	15
4	Nósanna imeachta le haghaidh fostaíochta iarcháilíochta i scoileanna neamhphíolótacha (iarbhunscoil)	16
4.1.	An coinníoll clárúcháin a bhaineann le fostaíocht iarcháilíochta	16
5	Nósanna imeachta i scoileanna píolótacha Droichead	17
5.1	Droichead	17
5.2	Iarratas a dhéanamh chun tús a chur le Droichead	17
5.3	Tús a chur le próiseas Droichead	18
5.4	Foireann Tacaíochta Gairmiúla	18
5.5	An riachtanas maidir le cleachtadh gairmiúil le haghaidh Droichead	19
5.6	Na riachtanais maidir le cleachtadh gairmiúil le haghaidh MNCanna bunscoile	19
5.7	Na riachtanais maidir le cleachtadh gairmiúil le haghaidh MNCanna iarbhunscoile	19
5.8	Breathnóireacht an MNC ar chleachtadh múinteoirí eile	20

5.9	Breathnóireacht an FTG ar chleachtadh an MNC	20
5.10	Comhráite gairmiúla	21
5.11	An Phunann d'Fhoghlaim Ghairmiúil	21
5.12	Taifid atá le coinneáil ag an MNC	21
5.13	Taifid atá le coinneáil ag an FTG	21
5.14	Próiseas Droichead a thabhairt chun críche	22
5.15	Ag cur in iúl don Chomhairle Mhúinteoireachta go bhfuil Droichead críochnaithe	23
5.16	Próiseas Droichead i suíomhanna teoranta (bunscoil)	23
5.17	Gearáin agus achomhairc	24
6	Gluaiseacht idir scoileanna píolótacha agus scoileanna neamhphíolótacha	25
6.1	Réamhrá	25
6.2	Samplaí i gcleachtas	25
7	Sonraí teagmhála	26
<hr/>		
	Aguisín 1	27
	Na critéir le haghaidh Cigireachtaí Promhaidh	
<hr/>		
	Aguisín 2	28
	Na Táscairí Dea-chleachtais le haghaidh Droichead	

Gluais téarmaí

Comhlach

Is é is comhlach ann múinteoir cleachtach atá cláraithe go hiomlán, ar meantóir a bhfuil taithí aige nó aici nó éascaitheoir ceardlann ionduchtúcháin é nó í freisin, atá ainmnithe ag an gClár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí (CNIM) chun tacú le próiseas Droichead i scoileanna píolótacha.

Ionad Oideachais

Is é atá i gceist le hIonad Oideachais ná áit, seachas scoil nó áit a chuireann oideachas ollscoile nó tríú leibhéal ar fáil, ina ndéantar oideachas aosach nó oideachas leantach nó gairmoideachas nó gairmoilúint a sholáthar agus atá ceaptha chun na críche sin. Ó am go ham féadfaidh an tAire áit a cheapadh le bheith mar Ionad Oideachais (An tAcht Oideachais 1998).

Leanúntas in Oideachas Múinteoirí

Baineann an coincheap seo leis na gníomhaíochtaí oideachais agus forbartha, idir gníomhaíochtaí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla, a nglacann múinteoirí páirt iontu le linn ghairmréim an mhúinteora ina gcáil mar fhoghlaiméir ar feadh an tsaoil. Cuimsíonn sé oideachas tosaigh múinteoirí, ionduchtú, forbairt ghairmiúil luath agus leanúnach agus tacaíocht níos déanaí sa ghairmréim.

Droichead

Is ionann Droichead agus tréimhse de chleachtadh gairmiúil tacaíthe, atá ina gné lárnach de shamhail nua ionduchtúcháin agus phromhaidh atá á cur i bhfeidhm i roinnt scoileanna ar bhonn píolótach. Nuair a bheidh próiseas Droichead críochnaithe go sásúil ag MNCanna, dearbhóidh a gcuid comhghairmithe gur éirigh leo critéir áirithe a chomhlíonadh agus bainfidh an Chomhairle Mhúinteoireachta an coinníoll a bhaineann le Droichead dá gclárú.

Clár Ionduchtúcháin

Is clár foghlama solúbtha é an Clár Ionduchtúcháin, a fhaigheann maoiniú ón Roinn Oideachais agus Scileanna, agus atá curtha le chéile leis na riachtanais foghlama ghairmiúla áirithe de mhúinteoirí nuacháilithe (MNC) a chomhlíonadh. Tógann an clár, atá á chomhordú ag an gClár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí (CNIM), ar an bhfoghlaim a bhí ar siúl i rith an oideachais tosaigh múinteoirí. Is féidir leis an MNC é a chur in oiriúint dó nó di féin, ag brath ar a c(h)uid cúinsí. Faoi réir íosmhéid 20 uair an chloig d'fhoghlaim ghairmiúil, féadfaidh MNCanna gníomhaíochtaí foghlama gairmiúla scoilbhunaithe a dhéanamh i dteannta le ceardlanna lasmuigh de láthair na scoile. Tá sé riachtanach do gach múinteoir nuacháilithe ar mian leo a bheith cláraithe go hiomlán leis an gComhairle Mhúinteoireachta a bheith rannpháirteach sa Chlár Ionduchtúcháin.

Meantóir

Is é is meantóir ann múinteoir a bhfuil an Oiliúint Tosaigh Meantóirí leis an gClár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí (CNIM) curtha i gcrích aige nó aici. Tugann sé/sí tacaíocht don fhoghlaim ghairmiúil de mhúinteoir nuacháilithe agus cabhraíonn sé/sí lena ionduchtú nó lena hionduchtú sa scoil agus sa ghairm, i gcomhar le comhghleacaithe.

An Clár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí (CNIM)

Is seirbhís Státmhaoinithe í an Clár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí a dhéanann an soláthar de chlár ionduchtúcháin iltaobhach do mhúinteoirí. Faighteann na baill foirne lánaimseartha (Oifigigh Forbartha Réigiúnacha) tacaíocht dá gcuid oibre ó fhoireann Comhlach (féach thuas).

Múinteoir Nuacháilithe

Sa doiciméad seo, úsáidtear an téarma múinteoir nuacháilithe (MNC) chun tagairt do gach múinteoir nuacháilithe atá ag cur tús lena g(h)airmréim mar mhúinteoir, nó atá ag filleadh ar an múinteoireacht tar éis tréimhse a chaitheamh ar shiúl ón scoil, is cuma cén dáta a bhain sé/sí cáilíocht amach.

Scoil Phiólótach agus Scoil Neamhphiólótach

Is scoil atá ag baint trialach as an samhail nua ionduchtúcháin agus phromhaidh a d'fhorbair an Chomhairle Mhúinteoireachta í scoil phiólótach. Glacfaidh MNCanna sna scoileanna sin páirt i dtréimhse de chleachtadh gairmiúil tacaíthe ar a dtugtar Droichead, mar a mhínítear thuas. Is scoil neamhphiólótach í scoil nach bhfuil páirteach i dtionscadal piólótach Droichead. Glacfaidh múinteoirí nuacháilithe sna scoileanna sin páirt sna próisis le haghaidh ionduchtúcháin agus promhaidh a bhí i bhfeidhm go dtí seo.

Fostaíocht Iarcháilíochta

Is coinníoll é Fostaíocht Iarcháilíochta (FIC) a bhíonn i bhfeidhm maidir le gach múinteoir iarbhunscoile nuachláraithe seachas iad siúd atá i mbun phróiseas Droichead i scoileanna piólótacha, mar a mhínítear thuas. Chun coinníoll FIC a chomhlíonadh, ní mór do mhúinteoirí tréimhse d'fhostaíocht iarcháilíochta a thabhairt chun críche.

Promhadh

Is coinníoll é an Promhadh a bhíonn i bhfeidhm maidir le gach múinteoir iarbhunscoile nuachláraithe seachas iad siúd atá i mbun phróiseas Droichead i scoileanna piólótacha, mar a mhínítear thuas. Baintear an coinníoll nuair a léiríonn an múinteoir don Chomhairle go bhfuil critéir iarcháilíochta áirithe comhlíonta aige nó aici.

Punann d'Fhoghlaim Ghairmiúil

Is doiciméad í punann d'fhoghlaim ghairmiúil a fhorbraíonn an múinteoir nuacháilithe de réir a chéile chun tacú leis an bpróiseas a bhaineann le machnamh a dhéanamh ar a chleachtadh nó a cleachtadh. D'fhéadfadh an phunann fócas a thabhairt do na comhráite gairmiúla atá ag croilár Droichead agus cur ar chumas an MNC réimsí a aithint ina bhféadfadh tacaíocht nó treoir a bheith ag teastáil uaidh nó uaithi. Féadfaidh cóip chrua nó doiciméad leictreonach a bheith i gceist léi.

Foireann Tacaíochta Gairmiúla

Is foireann de mhúinteoirí ag a bhfuil taithí agus atá cláraithe go hiomlán, lena n-áirítear príomhoide agus meantóir, í an foireann tacaíochta gairmiúla, a oibríonn i gcomhar lena chéile chun tacú leis an múinteoir nuacháilithe i rith phróiseas Droichead agus le linn na tréimhse nuair atá sé nó sí ag dul isteach sa scoil agus i ngairm na múinteoireachta. Caithfidh gach ball den Foireann Tacaíochta Gairmiúla forbairt ghairmiúil Droichead a chur i gcrích atá curtha ar fáil ag an CNIM.

Liosta acrainmneacha

CNIM	An Clár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí
FIC	Fostaíocht Iarcháilíochta
FTG	Foireann Tacaíochta Gairmiúla
MNC	Múinteoir Nuacháilithe
OCG	Oiriúnú le haghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge
OTM	Oideachas Tosaigh Múinteoirí
QQI	Cáilíocht agus Cáilíochtaí Éireann
RNG	Riachtanas na Gaeilge
SCG	Scrúdú le haghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge

1 Réamhrá

Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta an comhlacht le freagracht reachtúil as múinteoirí a chlárú in Éirinn. Déanann an Chomhairle múinteoirí a chlárú de réir *Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta [Clárúcháin], 2009*. Tá cóip de na rialacháin sin, mar aon leis na mionsonraí uile faoin gcaoi inar féidir le múinteoirí nuacháilithe agus múinteoirí eile iarratas ar chlárú a dhéanamh chuig an gComhairle le fáil ar www.teachingcouncil.ie.

Sna hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001-2015, luaitear go mbunóidh an Chomhairle:

- o nósanna imeachta i ndáil le hionduchtú múinteoirí nua agus
- o nósanna imeachta agus critéir le haghaidh promhadh múinteoirí (lena n-áirítear tréimhsí promhaidh).

Tá freagracht reachtúil ar an gComhairle as an mbeartas maidir le hionduchtúcháin agus promhadh, agus ní mór di a chinntiú go bhforbraítear na nósanna imeachta cuí agus na critéir chúí. Shínigh an tAire Oideachais agus Scileanna an Ionstraim Reachtúil lenar cuireadh tús le héifeacht fheidhmeanna iomchuí an Achta ar an 1 Meán Fómhair 2012.

Sa doiciméad seo, leagtar amach riachtanais na Comhairle i ndáil le múinteoirí nuachláraithe a chaithfidh coinníollacha clárúcháin a bhaineann le hionduchtúcháin, promhadh nó fostaíocht iarcháilíochta (FIC) in Éirinn a chomhlíonadh.

Tugtar eolas sa doiciméad seo freisin i dtaca le samhail mhalartach chun coinníollacha ionduchtúcháin agus promhaidh a chomhlíonadh, ar a dtugtar Droichead. Tá an tsamhail sin á húsáid i roinnt scoileanna ar bhonn píolótach.

1.1 Clárú faoi réir coinníollacha

- 1.1.1 Ceadáítear clárú faoi réir coinníollacha (clárú coinníollach) i gcás nach gcomhlíonann iarratasóir ar chlárú na riachtanais chlárúcháin uile atá leagtha síos ag an gComhairle. Is é sin an gnáthchás do na múinteoirí nuacháilithe uile (MNCanna). Aon mhúinteoir atá cláraithe go coinníollach, tá sé nó sí incháilithe chun fostaíocht a fháil i cibé earnáil scoile in Éirinn atá cuí i bhfianaise a cháilíochtaí nó a cáilíochtaí (Ciorclán na Roinne Oideachais agus Scileanna 0031/2011). Cuirtear na coinníollacha a bhfuil clárú múinteora faoina réir, agus an tréimhse atá ceadaithe chun na coinníollacha sin a chomhlíonadh, in iúl don mhúinteoir nuair a phróiseáiltear an t-iarratas ar chlárú. Féadfaidh múinteoir a c(h)oinníollacha clárúcháin a sheiceáil trí leas a bhaint as an áis ‘Logáil isteach do Mhúinteoirí Cláraithe’ ar www.teachingcouncil.ie freisin.
- 1.1.2 Fad agus atá coinníollacha clárúcháin i bhfeidhm, níl múinteoir cláraithe go hiomlán agus tá baol ann nach n-aithneofar é nó í mar mhúinteoir i mBallstáit eile den AE/ LEE de réir Threoir Eorpach 2005/36/CE. Baineann an Treoir sin le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla a bhaintear amach i mBallstát amháin i mBallstáit eile den AE/LEE. Faoin Treoir sin, ba chóir go mbeadh cead ag gairmí a bhfuil aitheantas iomlán aige nó aici i mBallstát amháin an ghairm rialaithe sin a chleachtadh i mBallstát eile. D’fhéadfadh sé tarlú nach bhfaighidh múinteoirí atá cláraithe faoi réir coinníollacha in Éirinn cearta clárúcháin uathoibríocha i mBallstát eile den AE/LEE. Bíonn na srianta céanna i bhfeidhm nuair a theastaíonn ó mhúinteoir ó mBallstát eile iarratas a dhéanamh ar chlárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta in Éirinn. Tá tuilleadh eolais le fáil in 3.9.

1.2 Coinníollacha clárúcháin

- 1.2.1 Nuair a chláraítear múinteoir ar Chlár na Múinteoirí, gheobhaidh sé/sí litir dearbhaithe clárúcháin ina luaitear aon choinníollacha a bhaineann lena gclárú.
- 1.2.2 Is iad seo a leanas na coinníollacha a bhfuil feidhm acu agus na scoileanna inar féidir na coinníollacha a chomhlíonadh i gcás múinteoirí bunscoile agus iarbhunscoile¹:

	GACH SCOIL	SCOILEANNA NEAMHPHÍOLÓTACHA	SCOILEANNA PÍOLÓTACHA
Múinteoirí bunscoile	Ionduchtú	Promhadh	Droichead
Múinteoirí iarbhunscoile	Ionduchtú	Fostaíocht Iarcháilíochta (FIC)	Droichead
Cuid den doiciméad seo	Cuid 2	Promhadh - Cuid 3 FIC - Cuid 4	Cuid 5

- 1.2.3 Ní foláir do gach MNC an coinníoll clárúcháin a bhaineann leis an gClár Ionduchtúcháin a chomhlíonadh.
- 1.2.4 Tá samhail nua ionduchtúcháin agus phromhaidh ar a dtugtar Droichead, a bhfuil taithí scoilbhunaithe i gceist léi, á cur i bhfeidhm ag an gComhairle ar bhonn píolótach i roinnt scoileanna píolótacha. Déanfar tagairt do gach scoil eile mar scoil neamhphíolótach.
- 1.2.5 Ní mór do MNCanna bunscoile, seachas iad siúd atá fostaithe i scoileanna píolótacha, tréimhse phromhaidh a chur i gcrích go sásúil i mbunscoil chun an coinníoll clárúcháin a bhaineann le promhadh a chomhlíonadh. Más rud é go bhfuil MNC bunscoile fostaithe i scoil píolótach, beidh air nó uirthi próiseas Droichead a chur i gcrích.
- 1.2.6 Ní mór do MNCanna iarbhunscoile, seachas iad siúd atá fostaithe i scoileanna píolótacha, an coinníoll clárúcháin a bhaineann le fostaíocht iarcháilíochta (FIC) a chomhlíonadh. Más rud é go bhfuil MNC iarbhunscoile fostaithe i scoil píolótach, beidh air nó uirthi próiseas Droichead a chur i gcrích.
- 1.2.7 Léirítear na riachtanais bunaithe ar chleachtadh a bhíonn le comhlíonadh ag múinteoirí bunscoile agus iarbhunscoile i scoileanna píolótacha agus neamhphíolótacha i bhFíor 1.

1 D'fhéadfadh coinníollacha clárúcháin eile a bheith i gceist chomh maith, e.g. Easnaimh i gCáilíochtaí, Riachtanas na Gaeilge agus Stair agus Struchtúr Chóras Oideachais na hÉireann. Tá faisnéis ar na coinníollacha sin ar fáil ar www.teachingcouncil.ie

Fíor 1: Bealaí chun coinníollacha clárúcháin a chomhlíonadh i scoileanna píolótacha agus neamhphíolótacha².



2 Ní dhéantar tagairt san fhíor seo do choinníollacha eile nach mbaineann le cleachtadh, e.g. Riachtanas na Gaeilge, Easnamh i gCáilíochtaí. Má bhíonn na coinníollacha sin i bhfeidhm, liostaítear iad ar litir dearbhaithe clárúcháin an mhúinteora.

1.3 Ionduchtú (bunscoil agus iarbhunscoil)

- 1.3.1 Déantar gach MNC a chlárú faoi réir an choinníll ionduchtúcháin, i.e. an clár ionduchtúcháin ceadaithe a thabhairt chun críche.
- 1.3.2 Tá tuilleadh mionsonraí i ndáil leis an gClár Ionduchtúcháin ar fáil ar shuíomh gréasáin an Chláir Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí (CNIM), www.teacherinduction.ie.
- 1.3.3 Tá tuilleadh mionsonraí maidir le hionduchtú ar fáil i gCuid 2 den doiciméad seo.

1.4 Promhadh (bunscoil)

- 1.4.1 Déantar gach MNC bunscoile a chlárú faoi réir an choinníll Phromhaidh/ choinníoll Droichead. Braitheann an coinníoll a chuirtear i bhfeidhm ar an suíomh ina mbíonn siad ag cleachtadh i.e., scoil phiólótach nó scoil neamhphiólótach. Ní bhaineann an chuid seo ach leis an bpróiseas promhaidh amháin. Tá feidhm ag na nósanna imeachta a luaitear in 1.6 agus i gCuid 5 den doiciméad seo maidir le MNCanna atá fostaithe i scoileanna piólótacha Droichead.
- 1.4.2 Ba chóir iarratais ar pháirt a ghlacadh sa phróiseas promhaidh agus aon fhiosrúcháin eile a chur chuig Ionad Oideachais Luimnigh ar www.lec.ie ar fhoirm OP1. Tabhair do d'aire, le do thoil, nach féidir tús a chur le promhadh go dtí go gcomhlíontar gach coinníoll eile i ndáil le heasnaimh i gcáilíochtaí agus Riachtanas na Gaeilge (más infheidhme – féach 3.8).
- 1.4.3 A luaithe is a fhaigheann an Chomhairle Mhúinteoireachta fianaise dheimhnithe gur éirigh leis nó léi an próiseas promhaidh a thabhairt chun críche, bainfead an coinníoll clárúcháin. Áirítear ar an bhfianaise sin:
- o Foirm C chomhlánaithe ina ndearbhaítear gur comhlíonadh an riachtanas seirbhíse agus
 - o ráiteas inniúlachta ó Chigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna (curtha ar fáil ag Ionad Oideachais Luimnigh).
- Tá Foirm C ar fáil le híoslódáil ó www.teachingcouncil.ie.
- 1.4.4 Tá tuilleadh mionsonraí maidir le promhadh ar fáil i gCuid 3 den doiciméad seo.

1.5 Fostaíocht Iarcháilíochta (iarbhunscoil)

- 1.5.1 Déantar gach MNC bunscoile a chlárú faoi réir an choinníll FIC/ choinníoll Droichead. Braitheann an coinníoll a chuirtear i bhfeidhm ar an suíomh ina mbíonn siad ag cleachtadh i.e., scoil phiólótach nó scoil neamhphiólótach. Ní bhaineann an chuid seo ach le FIC amháin. Tá feidhm ag na nósanna imeachta a luaitear in 1.6 agus i gCuid 5 den doiciméad seo maidir le MNCanna atá fostaithe i scoileanna piólótacha Droichead.
- 1.5.2 D'fhonn an coinníoll maidir le FIC a chomhlíonadh, ní mór d'iarratasóirí fianaise a sholáthar go bhfuair siad 300 uair an chloig d'fhostaíocht mhúinteoireachta shásúil in iarbhunscoil aitheanta nó in Ionad Oideachais ina bhfuil ábhar curaclaim iarbhunscoile á mhúineadh. Ní mór don fhianaise sin a bheith deimhnithe agus sínithe ag príomhoide na scoile (nó príomhoidí na scoileanna sa chás go bhfuil níos mó ná scoil amháin i gceist). Caithfeadh dhá thrian (200 uair an chloig) ar a laghad den fhostaíocht cheadaithe a fháil trí ábhar curaclaim nó ábhair churaclaim iarbhunscoile nó treoirchomhairliú a theagasc do rang ainmnithe scoláirí atá liostaithe ar chlár ama na scoile. Féadfar suas le haon trian (100 uair an chloig) den fhostaíocht cheadaithe a chur i gcrích trí ghníomhaíocht tacaíochta foghlama, riachtanas speisialta, tacaíochta teanga nó aon ghníomhaíocht teagaisc eile atá ar an gclár ama a dhéanamh.
- 1.5.3 Agus 300 uair an chloig d'fhostaíocht mhúinteoireachta faighte ag na hiarratasóirí, ba chóir dóibh Foirm B a chomhlánú (mar aon le Foirmeacha B breise más rud é go bhfuarthas an taithí i níos mó ná scoil amháin), iarraidh ar príomhoide na scoile nó príomhoidí na scoileanna í a shíniú agus a stampáil agus an fhoirm a chur ar ais chuig an gComhairle Mhúinteoireachta. Bainfidh an Chomhairle an coinníoll clárúcháin sin den chlárú ansin. Is féidir Foirm B a íoslódáil ó www.teachingcouncil.ie.
- 1.5.4 Tá tuilleadh mionsonraí maidir le FIC ar fáil i gCuid 4 den doiciméad seo.

1.6 Droichead (bunscoil agus iarbhunscoil)

- 1.6.1 Is ionann Droichead agus tréimhse de chleachtadh gairmiúil tacaithe atá ina gné lárnach de shamhail nua ionduchtúcháin agus phromhaidh atá á cur i bhfeidhm ar bhonn píolótach i roinnt scoileanna agus roinnt Ionad Oideachais ina ndéantar ábhar curaclaim nó ábhair churaclaim iarbhunscoile a theagasc. Nuair a bheidh próiseas Droichead críochnaithe go sásúil ag MNCanna, dearbhóidh comhghairmithe gur éirigh leo critéir áirithe a chomhlíonadh agus bainfidh an Chomhairle Mhúinteoireachta an coinníoll a bhaineann le Droichead dá gclárú.
- 1.6.2 Tá tuilleadh mionsonraí maidir le Droichead ar fáil i gCuid 5 den doiciméad seo.

1.7 Tréimhsí ama chun coinníollacha clárúcháin a chomhlíonadh

- 1.7.1 Ní foláir do MNCanna na coinníollacha clárúcháin atá i bhfeidhm maidir leo a chomhlíonadh laistigh de thrí bliana ón dáta a cláraíodh iad den chéad uair.
- 1.7.2 Mura gcomhlíontar coinníollacha go sásúil laistigh den tréimhse ama shainithe, rachaidh clárú an mhúinteora i léig.
- 1.7.3 In gcásanna áirithe teoranta, féadfaidh múinteoir cláraithe iarratas a dhéanamh chuig an gComhairle le síneadh ama a chur lena thréimhse nó lena tréimhse de chlárú coinníollach. Féach ar an Lámhleabhar Clárúcháin reatha nó www.teachingcouncil.ie le haghaidh tuilleadh eolais.

2 Nósanna imeachta le haghaidh ionduchtúcháin

2.1 An Clár Ionduchtúcháin (bunscoil agus iarbhunscoil)

- 2.1.1 Is clár solúbtha d'fhoghlaim ghairmiúil múinteoirí é an clár ionduchtúcháin a bhíonn ar siúl ag tús ghairmréim an MNC, go gairid i ndiaidh dó nó di cáilíocht sa mhúinteoireacht a bhaint amach. Is é an cuspóir atá leis tacaíocht chórasach ghairmiúil agus phearsanta a chur ar fáil don MNC agus é nó í ag forbairt mar fhoghlaiméir ar feadh an tsaoil.
- 2.1.2 Ní foláir do gach MNC páirt a ghlacadh sa Chlár Ionduchtúcháin le clárú a dhéanamh. Chomh maith leis sin, ceanglaítear ar gach múinteoir eile a dhéanann iarratas faoi Rialachán Clárúcháin a Dó (bunscoil), Rialachán Clárúcháin a Trí (Montessori agus catagóirí eile) nó Rialachán Clárúcháin a Ceathair (iarbhunscoil) an Clár Ionduchtúcháin a thabhairt chun críche, ar an gcoinníoll nach raibh siad in ann a léiriú roimhe seo:
- gur chomhlíon siad na riachtanais maidir le promhadh cheana féin (bunscoil), nó
 - gur chomhlíon siad na riachtanais maidir le FIC cheana féin (iarbhunscoil), nó
 - gur thug siad clár ionduchtúcháin aitheanta agus comhchosúil chun críche i dtír eile.
- 2.1.3 Ní foláir do MNCanna clár ionduchtúcháin ina bhfuil 20 uair an chloig d'fhoghlaim ghairmiúil i gceist ar a laghad a thabhairt chun críche laistigh de thrí bliana ón data a cláraíodh iad den chéad uair.
- 2.1.4 Féadfaidh MNCanna roghnú a dhéanamh ó shraith ceardlann a chuirtear ar fáil tríd an Ionad Oideachais. Tá ceardlanna áirithe ar fáil ar líne.
- 2.1.5 D'fhéadfadh éagsúlacht a bheith i struchtúr an chláir ag brath ar cibé acu an bhfuil tú fostaithe i scoil phiolótach nó i scoil neamhphiolótach, nó cibé acu an bhfuil fáil agat ar mheantóir oilte de chuid an CNIM.
- 2.1.6 Féadfaidh MNCanna i scoileanna piolótacha nó i scoileanna ina bhfuil meantóir oilte de chuid an CNIM féadfaidh MNCanna gníomhaíochtaí foghlama gairmiúla scoilbhunaithe a dhéanamh i dteannta le ceardlanna mar atá leagtha amach thíos.

	SCOIL NEAMHPHIOLÓTACH	SCOIL PHÍOLÓTACH DROICHEAD	SCOIL INA BHFUIL MEANTÓIR OILTE DE CHUID AN CNIM
Ceardlanna*	Íosmhéid de 20 uair an chloig	Íosmhéid de 8 n-uair an chloig	Íosmhéid de 14 uair an chloig
Foghlaim Ghairmiúil Scoilbhunaithe Ináirithe	Ní hea	Uasmhéid de 6 uair an chloig	Uasmhéid de 6 uair an chloig
Cruinnithe Cnuasaigh Ináirithe	Ní hea	Uasmhéid de 6 uair an chloig	Ní hea

*Déanann an CNIM ceardlanna a éascú trí na hIonad Oideachais Áitiúla. In 2015/2016 d'fhéadfadh ceardlanna áirithe a bheith ar fáil ar líne.

- 2.1.7 Cuirtear mionsonraí na MNCanna a thugann an clár ionduchtúcháin chun críche díreach chuig an gComhairle Mhúinteoireachta go tráthrialta i rith na bliana. Ansin, baineann an Chomhairle an coinníoll clárúcháin ionduchtúcháin, agus eisítear deimhniú clárúcháin nuashonraithe.
- 2.1.8 Is é an Clár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí (CNIM) a chomhordaíonn an clár ionduchtúcháin agus tá tuilleadh mionsonraí ar fáil ar shuíomh gréasáin an CNIM www.teacherinduction.ie.

3 Nósanna imeachta le haghaidh promhaidh i scoileanna neamhphíolótacha (bunscoil)

3.1 An próiseas promhaidh

3.1.1 Tá dhá ghné i gceist leis an bpróiseas promhaidh i gcás múinteoirí bunscoile:

a) Tréimhse seirbhíse shásúil a thabhairt chun críche i scoil (an riachtanas seirbhíse)

agus

b) Inniúlacht ghairmiúil a léiriú i suíomh scoile (an riachtanas maidir le hinniúlacht ghairmiúil).

3.1.2 Tá múinteoir bunscoile atá cláraithe go coinníollach, agus faoi réir coinníollacha a bhaineann le promhadh agus ionduchtú, agus fúthu sin amháin, incháilithe chun tús a chur leis an bpróiseas promhaidh. Caithfidh sé nó sí é sin a dhéanamh i mbunscoil i bpost múinteoireachta atá aitheanta chun críocha promhaidh.

3.2 Suíomhanna inar féidir an próiseas promhaidh a dhéanamh

3.2.1 De ghnáth, tabharfaidh múinteoir bunscoile faoin bpróiseas promhaidh le linn dó nó di a bheith fostaithe mar mhúinteoir ranga príomhshrutha. Go hiondúil, bíonn fostaíocht bhuan, shealadach nó ionaid incháilithe, má bhíonn an múinteoir ag múineadh an aon ábhar déag uile de Churaclam na Bunscoile, an Ghaeilge san áireamh, do rang daltaí príomhshrutha (rang de ghrád aonair nó rang ilghráid) ar feadh an lae scoile iomláin.

3.2.2 I gcásanna áirithe, féadfaidh múinteoir **cuid** den phróiseas promhaidh a chríochnú má tá sé nó sí fostaithe i gceann de na róil teoranta seo a leanas:

a) múinteoir ranga speisialta i scoil phríomhshrutha

b) múinteoir i scoil speisialta nó i scoil ospidéil, nó

c) múinteoir acmhainne lánaimseartha do dhaltaí atá faoi mhíchumas íosmhinicíochta (mar atá sainmhínithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna).

Sna cásanna thuas, ní mór an cohórt céanna daltaí a mhúineadh ar feadh na hiostréimhse a bheith i gceist sa tréimhse fostaíochta (ach amháin neamhláithreachtaí eisceachtúla).

3.2.3 De ghnáth, ní bhíonn deis ag múinteoir atá fostaithe i suíomh teoranta an curaclam iomlán a mhúineadh agus taithí a fháil i réimsí cosúil le bainistiú ranga iomláin agus dá bhrí sin ní féidir raon iomlán na n-inniúlachtaí gairmiúla a mheas i suíomhanna teoranta nó breathnú ar dhul chun cinn leanúnach i bhfoghlaím ranga iomláin daltaí. Ar an gcúis sin, ní féidir leis an gComhairle Mhúinteoireachta coinníoll an phromhaidh a bhaint de chlárú múinteora má éiríonn leis nó léi an próiseas promhaidh a chríochnú i suíomh teoranta³. Déanfar an Clár a nuashonrú, áfach, chun a léiriú gur éirigh leis nó léi an próiseas promhaidh a chríochnú i suíomh teoranta. Ní bheidh feidhm níos mó ag na srianta ama a bhaineann le coinníoll an phromhaidh fad a bheidh sé nó sí fostaithe i suíomh den tsórt sin.

3.2.4 Má theastaíonn ó mhúinteoirí a thug an próiseas promhaidh chun críche i suíomh teoranta an próiseas promhaidh iomlán a chríochnú, ní mór dó nó di é sin a dhéanamh laistigh de dhá bhliain tar éis post a ghlacadh i seomra ranga príomhshrutha (féach 3.7).

3 Bainfidh an Chomhairle coinníoll an phromhaidh de chlárú múinteoirí atá cláraithe faoi Rialachán 3 (Montessori agus Catagóirí Eile), má thugann siad an próiseas promhaidh chun críche i suíomh teoranta.

3.3 An riachtanas seirbhíse

3.3.1 Chun an riachtanas seirbhíse a bhaineann le promhadh a chomhlíonadh, ní foláir do mhúinteoir bunscoile fostaíocht a fháil i mbunscoil i bpost atá aitheanta chun críocha promhaidh, ar bhonn buan, sealadach nó ionaid. Ní mór na nithe seo a leanas a bheith i gceist leis an bhfostaíocht:

- a) 100 lá as a chéile ar a laghad in aon suíomh amháin nó
- b) 100 lá ar a laghad, a fhéadfar a dhéanamh i suíomhanna éagsúla in dhá thréimhse, agus gach tréimhse nach lú ná 50 lá as a chéile.

I ngach cás, ní foláir go mbeidh i gceist leis an tréimhse fostaíochta an grúpa céanna daltaí a mhúineadh ar feadh na hiostréimhse.

3.3.2 Ní foláir an tseirbhís sin a dhéanamh tar éis cáilíocht oideachais tosaigh múinteoirí a bhaint amach agus laistigh d'ustréimhse trí bliana ón dáta a cláraíodh an múinteoir den chéad uair nó, más infheidhme, ón dáta a comhlíonadh coinníollacha eile (seachas ionduchtú mar is féidir an coinníoll sin a chomhlíonadh ag an am céanna le coinníoll an phromhaidh). Is le linn na tréimhse sin a dhéanfaidh an Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna inniúlacht ghairmiúil an mhúinteora a mheas. Ní dhéanfar ach fostaíocht íoctha a áireamh.

3.3.3 Tá an fhreagracht ar an múinteoir atá ar promhadh fianaise i scríbhinn ar a sheirbhís nó a seirbhís a fháil ón scoil nó ó na scoileanna ina raibh sé nó sí fostaithe agus an fhaisnéis sin a chur chuig an gComhairle Mhúinteoireachta i bhFoirm C chun a dheimhniú don Chomhairle go bhfuil an riachtanas seirbhíse comhlíonta.

3.3.4 I gcás múinteoirí a bhí fostaithe i scoileanna aitheanta roimh an 1 Meán Fómhair 2010 agus a bhfuil fianaise ar a seirbhís de dhíth orthu lena cur chuig an gComhairle Mhúinteoireachta, féadfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna taifead dá seirbhís go dtí an 31 Lúnasa 2010 a sholáthar do na múinteoirí sin. Is féidir é sin in éineacht le Foirm C a chur chuig an gComhairle Mhúinteoireachta.

Tá Foirm C ar fáil le híoslódáil ó www.teachingcouncil.ie.

3.4 An riachtanas maidir le hinniúlacht ghairmiúil

3.4.1 Chun go ndéanfaí a inniúlacht ghairmiúil nó a hinniúlacht ghairmiúil a mheas d'fhonn riachtanais promhaidh na Comhairle a shásamh, ní mór do mhúinteoir iarratas ar chigireacht a chur chuig Ionad Oideachais Luimnigh (a dhéanann mionsonraí múinteoirí ar promhadh a riar thar ceann Chigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna) ag baint úsáide as Foirm OP1 atá ar fáil ar www.lec.ie.

3.4.2 Ní mór iarratais ar chigireacht a dhéanamh go leictreonach a luaithe is a chuirfidh an múinteoir tús le seirbhís i bpost a mhairfidh ar feadh tréimhse de 50 lá scoile as a chéile ar a laghad. Caithfidh an post a bheith aitheanta chun críocha promhaidh (féach 3.2). Déantar gach iarracht chun a chinntiú go ndéanfar cigireacht ar gach múinteoir incháilithe a dhéanann iarratas ar chigireacht a luaithe is a thosaíonn siad an tseirbhís i bpost den tsórt sin, le linn na scoilbhliana sin. Ní mór do mhúinteoirí a bheith ar fáil don chigireacht ar lá ar bith den tréimhse 50/100 lá.

3.4.3 Beidh dáta deiridh i bhfeidhm maidir le hiarratais a fháil. Déanfar an dáta deiridh a fhógairt ar www.lec.ie sa dara leath den scoilbhliain.

3.4.4 Féach 3.5 le haghaidh faisnéise faoi inniúlacht ghairmiúil a mheas.

3.5 Inniúlacht ghairmiúil a mheas: cuairteanna agus tuarascálacha cigireachta

3.5.1 Mar chuid den phróiseas promhaidh in 2015/2016, tá Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna sásta meastóireacht a dhéanamh ar inniúlacht ghairmiúil múinteoirí bunscoile i scoileanna neamhphíolótacha chun treoir a thabhairt do chinntí na Comhairle Múinteoireachta i ndáil le clárú coinníollach nó clárú iomlán na múinteoirí sin. Ní ghlactar le seirbhís mhúinteoireachta dheonach chun críche cuairteanna cigireachta le haghaidh promhaidh.

3.5.2 Ní mór d'aon mhúinteoir a ghlacfaidh páirt sa phróiseas promhaidh páirt a ghlacadh sa Chlár Ionduchtúcháin (a ndéantar cur síos air i gCuid 2 den doiciméad seo). Gheobhaidh múinteoirí atá ar promhadh an cúnamh céanna agus an chomhairle chéanna a chuireann príomhoidí agus múinteoirí eile ar fáil do mhúinteoirí nuacháilithe (MNCanna).

3.5.3 Rachaidh an Chigireacht i gcomhairle le príomhoide na scoile faoi dhul chun cinn an mhúinteora agus déanfar cigireacht ar obair an mhúinteora le linn cuairte nó cuairteanna cigireachta neamhfhogartha. Féadfar cuairteanna cigireachta a dhéanamh tráth ar bith le linn na scoilbhliana agus mairfidh siad leathlá scoile de ghnáth. Le linn na cuairte nó na gcuairteanna cigireachta, déanfaidh an cigire éifeachtúlacht an mhúinteora i dtimpeallacht an tseomra ranga, agus i dtaca le réimsí agus ábhair churaclaim a theagasc mar atá leagtha amach i gCuraclam na Bunscoile, a mheas. Tabharfaidh an cigire comhairle agus aiseolas ó bhéal don mhúinteoir le linn gach cuairte chomh maith. Tá sé inmhianaithe go mbeidh an príomhoide (nó múinteoir eile atá cláraithe go hiomlán arna ainmniú nó arna mhainmniú ag an bpríomhoide) i láthair nuair a thabharfar an t-aiseolas ó bhéal don MNC. Ag deireadh na cuairte nó na gcuairteanna, inseoidh an cigire don mhúinteoir an bhfuil an mheastóireacht ar inniúlacht ghairmiúil críochnaithe nó an bhfuil cuairt eile chigireachta le teacht. Tá na critéir a úsáideann cigirí chun obair múinteoirí a mheas le fáil in Aguisín 1 agus ar shuíomh gréasáin Ionad Oideachais Luimnigh, www.lec.ie.

3.5.4 Tar éis na cuairte nó na gcuairteanna cigireachta, déanfaidh an Chigireacht cinneadh faoin rátáil a thabharfar d'obair an mhúinteora mar seo a leanas:

a) Go bhfuil inniúlacht ghairmiúil shásúil léirithe aige nó aici i suíomh príomhshrutha

Tugann an rátáil seo le fios gur léirigh an múinteoir scileanna múinteoireachta sásúla i rang príomhshrutha, nó

b) Go bhfuil inniúlacht ghairmiúil shásúil léirithe aige nó aici i suíomh teoranta

Tugann an rátáil seo le fios gur léirigh an múinteoir scileanna múinteoireachta sásúla i suíomh teoranta, nó

c) Go bhfuil tréimhse bhreise de dhíth air nó uirthi chun inniúlacht ghairmiúil a fhorbairt agus a léiriú

De ghnáth ní féidir an rátáil seo a úsáid ach uair amháin, tar éis dhá chuairt chigireachta (de ghnáth sa chéad bhliain seirbhíse), nuair a fhéadfaidh an cigire a mholadh go bhfuil tuilleadh ama de dhíth ar an múinteoir chun a scileanna múinteoireachta a fhorbairt agus a léiriú. Féadfaidh sé sin a bheith i gceist má bhraitheann an cigire go bhfuil laigí nach beag in obair an mhúinteora agus go bhfuil tuilleadh ama de dhíth air nó uirthi chun na scileanna cuí a fhorbairt, nó

d) Nach bhfuil inniúlacht ghairmiúil shásúil léirithe aige nó aici

Tugann an rátáil seo le fios gurb í tuairim an chigire nach bhfuil scileanna múinteoireachta sásúla léirithe ag an múinteoir sa suíomh ina ndearnadh a obair nó a hobair a mheas.

3.5.5 Tabharfaidh an Chigireacht dearbhú i scríbhinn don mhúinteoir (ar ríomhphost) go bhfuil inniúlacht ghairmiúil shásúil léirithe aige nó aici. Más rud é gur bhain an chuairt chigireachta nó na cuairteanna cigireachta le suíomh príomhshrutha, cuirfidh an Chigireacht dearbhú i scríbhinn chuig an múinteoir gur léirigh sé nó sí inniúlacht ghairmiúil shásúil i suíomh príomhshrutha. Más rud é gur bhain an chuairt chigireachta nó na cuairteanna cigireachta le suíomh teoranta, cuirfidh an Chigireacht dearbhú i scríbhinn chuig an múinteoir gur léirigh sé nó sí inniúlacht ghairmiúil shásúil i suíomh teoranta. Sa chás go raibh dhá chuairt chigireachta ann, cuirfidh an cigire dearbhú i scríbhinn ar fáil don mhúinteoir go bhfuil inniúlacht ghairmiúil shásúil léirithe aige nó aici sa suíomh inar tharla an dara cuairt chigireachta.

3.5.6 Tá an fhreagracht ar an múinteoir ar promhadh an dearbhú sin i scríbhinn in éineacht le fianaise den riachtanas seirbhíse atá de dhíth a chur faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta chun a dheimhniú don Chomhairle gur comhlíonadh an riachtanas i ndáil le hinniúlacht ghairmiúil a bhaineann le promhadh. (Féach Foirm C ar www.teachingcouncil.ie.)

3.5.7 I gcás múinteoirí a dtugtar an rátáil “go bhfuil tréimhse bhreise de dhíth ar an múinteoir chun inniúlacht ghairmiúil a fhorbairt agus a léiriú” nó “nach bhfuil inniúlacht ghairmiúil shásúil léirithe ag an múinteoir” dá gcuid oibre, tabharfaidh an Chigireacht tuarascáil chigireachta i scríbhinn don mhúinteoir ina leagfar amach torthaí na meastóireachta agus ina mbeidh taifead den chomhairle a thabharfar i dtaca le forbairt bhreise.

- 3.5.8 Má dhéantar an tréimhse phromhaidh a shíneadh thar na gnáthriachtanais seirbhíse, mar a leagtar amach in 3.5.4.(c) thuas, tá an fhreagracht ar an múinteoir na bearta riachtanacha a dhéanamh chun an próiseas promhaidh a thabhairt chun críche a luaithe is a chuireann siad tús le seirbhís ináirithe i scoil sa scoilbhliain ina dhiaidh sin. Go hiondúil, ní cheadaítear do na múinteoirí sin cuairt chigireachta bhreise a iarraidh laistigh den scoilbhliain chéanna.
- 3.5.9 Má thugann an cigire an rátáil “nach bhfuil inniúlacht ghairmiúil shásúil léirithe ag an múinteoir” do mhúinteoir mar a leagtar amach in 3.5.4(d) thuas, tá an fhreagracht ar an múinteoir na céimeanna riachtanacha a ghlacadh chun an próiseas promhaidh a thabhairt chun críche a luaithe is a chuireann sé nó sí tús le seirbhís i scoil sa scoilbhliain ina dhiaidh sin. Ní foláir don mhúinteoir tréimhse seirbhíse bhreise a dhéanamh ina mbeidh i gceist dhá thréimhse de 50 lá scoile as a chéile, ar a laghad, agus an rang céanna i gceist ar feadh gach tréimhse faoi seach. Déanfar inniúlacht ghairmiúil an mhúinteora a mheas le linn na tréimhse sin.
- 3.5.10 Ní thugtar tuarascáil i scríbhinn a thuilleadh don mhúinteoir atá ar promhadh tar éis a inniúlacht ghairmiúil nó a hinniúlacht ghairmiúil a mheas. Ní féidir lena leithéid tuarascálacha a bheith mar chuid de na cáipéisí tacaíochta a iarrtar nuair a lorgaítear iarratais ar phost múinteoireachta i scoileanna aitheanta.
- 3.5.11 Féadfaidh múinteoir a iarraidh go ndéanfar athbhreithniú ar thoradh cigireachta de réir na Nósanna Imeachta le haghaidh Athbhreithnithe ar Chigireachtaí Scoile agus Múinteoirí faoi Alt 13(9) den Acht Oideachais (1998) atá ar fáil ar www.education.ie.

3.6 An próiseas promhaidh a chríochnú

- 3.6.1 Tagann an tréimhse phromhaidh chun deiridh nuair atá an Chomhairle Mhúinteoireachta sásta go bhfuil an riachtanas seirbhíse agus an riachtanas maidir le hinniúlacht ghairmiúil araon comhlíonta go hiomlán. Tabharfaidh an Chomhairle dearbhú don mhúinteoir i ndáil lena chlárú nó lena clárú coinníollach nó iomlán mar mhúinteoir.
- 3.6.2 Mura gcomhlíontar coinníollacha clárúcháin go sásúil laistigh den tréimhse ama shainithe, d’fhéadfadh clárú an mhúinteora dul i léig agus bheadh impleachtaí suntasacha aige sin dá cháilitheacht nó dá cáilitheacht chun fostaíocht a fháil i scoil.
- 3.6.3 Tá sé riachtanach do mhúinteoirí Clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta d’fhonn a bheith íoctha ag cistí poiblí (Alt 30 d’Acht na Comhairle Múinteoireachta, 2001; Imlitir na Roinne Oideachais agus Scileanna 0025/2013).

3.7 Múinteoirí ag bogadh ó shuíomhanna teoranta go suíomhanna príomhshrutha

- 3.7.1 Ní foláir do mhúinteoirí a léirigh inniúlacht ghairmiúil shásúil i suíomh teoranta agus atá incháilithe chun oibriú i suíomhanna ranga príomhshrutha inniúlacht ghairmiúil i suíomhanna den tsórt sin a léiriú laistigh de dhá bhliain tar éis post a ghlacadh i seomra ranga príomhshrutha.
- 3.7.2 Má ghlacann múinteoir a rinne an próiseas promhaidh i suíomh teoranta, le post i seomra ranga príomhshrutha, ní foláir dó nó di an dáta a ghlac sé nó sí leis an bpost sin a chur in iúl don Chomhairle Mhúinteoireachta i scríbhinn chun gur féidir leis an gComhairle tréimhse dhá bhliain iomchuí a cheadú inar gá dó nó di an coinníoll sin a chomhlíonadh. Ba chóir do mhúinteoirí den tsórt sin iarratas a dhéanamh ar líne ar chuairt chigireachta fhorlíontach, trí úsáid a bhaint as Foirm OP1 (ar fáil ar www.lec.ie) nuair a ghlacfaidh siad le post a mhairfidh 50 lá as a chéile ar a laghad i suíomh príomhshrutha.
- Déanfaidh an Chigireacht iniúchadh forlíontach ar obair múinteoirí sa chatagóir seo. Is ar bhonn cuairt amháin neamhfhogartha a dhéanfar é de ghnáth. Díreoidh an cigire ar aon scileanna gairmiúla nach mbeadh meastóireacht déanta orthu sa suíomh teoranta. Cuirfidh an Chigireacht an toradh in iúl don mhúinteoir de réir na rátálacha atá leagtha amach in 3.5.4 thuas.
- 3.7.3 Ó thaobh múinteoirí atá cláraithe faoi Rialachán a Dó (Bunscoil) agus a dhéanann an riachtanas i ndáil le hinniúlacht ghairmiúil a chomhlíonadh go sásúil i meascán de shuíomhanna príomhshrutha agus teoranta, measfar an promhadh a bheith tugtha chun críche acu sa suíomh ina dtarlaíonn an chuairt nó na cuairteanna cigireachta deiridh (féach 3.5.5).

3.8 Riachtanas na Gaeilge

- 3.8.1 Is coinníoll clárúcháin faoi Rialachán a Dó (Bunscoil) é go gcomhlíonfaidh an múinteoir riachtanas Gaeilge na Comhairle Múinteoireachta. Is trí thriail inniúlachta (Scrúdú le haghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge (SCG)) a dhéanamh nó tréimhse oiriúnaithe (Oiriúnú le haghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge (OCG)) a chur isteach a léiríonn múinteoirí iomchuí (mar shampla, múinteoirí a fuair a n-oideachas tosaigh múinteoirí (OTM) lasmuigh den Stát) don Chomhairle Mhúinteoireachta go bhfuil siad inniúil chun an Ghaeilge a theagasc, mar déantar scrúdú sa dá cheann ar chumas an mhúinteora an Ghaeilge a theagasc i suíomh seomra ranga. Tá mionsonraí go léir ar fáil ar www.ilrweb.ie.
- 3.8.2 Chun SCG nó OCG a thabhairt chun críche, ní mór do mhúinteoirí cruthúnas a sholáthar do chomhordaitheoir SCG/OCG in Institiúid Oideachais Marino gur chaith siad trí seachtaine ag freastal ar chúrsa sa Ghaeltacht atá aitheanta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.
- 3.8.3 TABHAIR FAOI DEARA: Roimh an 1 Meán Fómhair 2010, ba ghá do mhúinteoirí a rinne an SCG nó an OCG a léiriú go raibh inniúlacht ghairmiúil acu maidir leis an nGaeilge a theagasc i suíomh seomra ranga. Ní foláir do na múinteoirí sin tuarascáil chigireachta shásúil bhreise a fháil faoina n-inniúlacht maidir leis an nGaeilge a theagasc (ar a dtugtar ráiteas) laistigh de dhá bhliain ó phost príomhshrutha a ghlacadh. Ach, toisc go ndéantar cumas múinteoirí leis an nGaeilge a theagasc i seomra ranga príomhshrutha a scrúdú mar chuid de nós imeachta meastóireachta an SCG agus an OCG anois, níl aon ghá níos mó leis an tuarascáil chigireachta bhreise (ráiteas). Cuireadh deireadh leis an gcleachtas sin ón 1 Meán Fómhair 2010.

3.9 Cáilíochtaí in oideachas múinteoirí a bhaintear amach i dtíortha an Aontais Eorpaigh (AE)/an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE)

- 3.9.1 De réir na dTeoracha ón gComhairle Eorpach maidir le hAitheantas Frithpháirteach a thabhairt do Cháilíochtaí Gairmiúla, a rinneadh a thrasú sa dlí leis na Rialacháin um Cháilíochtaí Gairmiúla (Treoir 2005/36/CE), 2008 (I.R. Uimh. 139 de 2008), tá daoine a aithnítear chun críocha teagaisc i mBallstát AE amháin i dteideal go n-aithneofar na cáilíochtaí sin i ngach Ballstát eile. Féadfar an t-aitheantas sin a thabhairt faoi réir coinníollacha, go dtí go dtugtar aghaidh ar aon easnaimh a aithnítear. Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta an t-údarás ainmnithe in Éirinn chun measúnú a dhéanamh ar iarratais d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonann siad na critéir maidir le cáilíochtaí atá leagtha amach sna rialacháin iomchuí de chuid na Comhairle Múinteoireachta. Go hiondúil, ní mór do mhúinteoirí gach coinníoll eile atá leagtha síos ag an gComhairle Mhúinteoireachta a chomhlíonadh sula dtabharfaidh siad aghaidh ar aon choinníoll promhaidh atá curtha i bhfeidhm ag an gComhairle. Déantar tuilleadh mionsonraí i ndáil le himpleachtaí na Treorach thuasluaite do chlárú agus do cháilíochtaí múinteoirí a leagan amach i gCiorclán 0031/2010 ón Roinn Oideachais agus Scileanna atá ar fáil ar www.education.ie.
- 3.9.2 Sa chás gur rinneadh próiseas foirmiúil promhaidh/ionduchtúcháin i dtír eile, ba chóir fianaise gur tugadh an próiseas sin chun críche ar bhealach sásúil a áireamh san iarratas ar chlárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta. Is faoin gComhairle Mhúinteoireachta atá sé a chinneadh cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhianaise a cuireadh ar fáil leordhóthanach le díolúine a fháil ón riachtanas promhaidh in Éirinn.
- 3.9.3 D'eisigh an Chomhairle Mhúinteoireachta fógra ar an 19 Bealtaine 2010 inar cuireadh in iúl do dhaoine a raibh beartaithe acu tús a chur le cáilíocht in oideachas múinteoirí i mBallstát eile den AE/LEE tar éis an 1 Eanáir 2011 gur gá dóibh tréimhse de chleachtadh gairmiúil iarcháilíochta (mar shampla, MNC nó bliain ionduchtúcháin) a chur isteach chomh maith. Ina theannta sin, ní foláir dóibh a bheith aitheanta/cláraithe go hiomlán faoi théarmaí Threoir 2005/36/CE ag údarás ainmnithe an Bhallstáit sin sula ndéanfaidh siad iarratas ar chlárú in Éirinn chuig an gComhairle Mhúinteoireachta. Ní dhéanann an fógra ón gComhairle Mhúinteoireachta aon athrú ar na socruithe a bhfuil feidhm acu maidir le daoine a chuir tús le cáilíocht sa mhúinteoireacht nó a bhain cáilíocht sa mhúinteoireacht amach lasmuigh d'Éirinn roimh an 31 Nollaig 2010.

4 Nósanna imeachta le haghaidh fostaíochta iarcháilíochta i scoileanna neamhphíolótacha (iarbhunscoil)

4.1 An coinníoll clárúcháin a bhaineann le fostaíocht iarcháilíochta

- 4.1.1 Faoi láthair, déantar gach MNC iarbhunscoile a chlárú faoi réir an choinníll a bhaineann le fostaíocht iarcháilíochta (FIC), ach amháin iad siúd i mbun phróiseas Droichead i scoileanna píolótacha. Chun an coinníoll maidir le FIC a chomhlíonadh, ní mór d'iarratasóirí fianaise a sholáthar gur chríochnaigh siad 300 uair an chloig d'fhostaíocht mhúinteoireachta in iarbhunscoil aitheanta nó in Ionad Oideachais ina múinteoir ábhar curaclaim iarbhunscoile. Caithfear dhá thrian (200 uair an chloig) ar a laghad den taithí cheadaithe a fháil trí ábhar curaclaim nó ábhair churaclaim iarbhunscoile nó treoirchomhairliú a theagasc do rang ainmnithe mac léinn atá liostaithe ar chlár ama na scoile. Féadfar suas le haon trian (100 uair an chloig) den taithí cheadaithe a fháil trí ghníomhaíocht tacaíochta foghlama, riachtanas speisialta, tacaíochta teanga nó aon ghníomhaíocht teagaisc eile atá ar an gclár ama a dhéanamh. Ní mór an riachtanas seo a chomhlíonadh laistigh d'uastréimhse trí bliana ón dáta cláraithe.
- 4.1.2 Nuair a bheidh an 300 uair an chloig d'fhostaíocht mhúinteoireachta tugtha chun críche ag na hiarratasóirí, ba chóir dóibh Foirm B a chomhlánú, iarraidh ar phríomhoide na scoile í a shíniú agus a stampáil agus an fhoirm a chur ar ais chuig an gComhairle Mhúinteoireachta. Bainfidh an Chomhairle an coinníoll clárúcháin sin den chlárú ansin. Is féidir Foirm B a íoslódáil ó www.teachingcouncil.ie.
- 4.1.3 Ní mór aird a thabhairt ar na nithe seo a leanas:
- Is faoin múinteoir cláraithe féin atá sé poist mhúinteoireachta a fháil a chomhlíonann na riachtanais a bhaineann le próiseas an FIC.
 - Tá fostaíocht mar mhúinteoir i bpost buan, sealadach nó ionaid inghlactha chun críocha an riachtanas seo a chomhlíonadh. Ní dhéanfar ach fostaíocht íoctha a áireamh.
 - Ní ghlacfar le haon chineál fostaíochta seachas fostaíocht mar mhúinteoir cáilithe (tar éis cáilíocht sa mhúinteoireacht a bhaint amach) ar an bhfoirm sin.
 - Ní mór d'iarratasóirí fianaise ar fhostaíocht mhúinteoireachta a sholáthar a bheidh deimhnithe agus sínithe ag príomhoide na scoile ina ndearnadh iad a fhostú. I gcásanna gur bhain an fhostaíocht mhúinteoireachta (mar mhúinteoir láncháilithe) le níos mó ná scoil amháin, ní mór don mhúinteoir foirm ar leith a chur ar fáil do gach scoil. Is féidir na huairéanta an chloig de sheirbhís mhúinteoireachta a dhéantar i scoileanna éagsúla a chomhbhailiú chun an tairseach 300 uair an chloig a bhaint amach, trí fhoirmeacha éagsúla a chomhlánú (foirm amháin in aghaidh na scoile).
 - Caithfidh baint a bheith ag dhá thrian (200 uair an chloig) ar a laghad den fhostaíocht le hábhar curaclaim (ábhair churaclaim) a mhúineadh nó treoirchomhairliú a sholáthar do rang ainmnithe ar chlár ama na scoile.
 - Féadfar suas le haon trian (100 uair an chloig) den taithí cheadaithe a chaitheamh ag déanamh gníomhaíochtaí a bhaineann le tacaíocht foghlama, riachtanais speisialta, tacaíocht teanga nó gníomhaíochtaí eile atá ar an gclár ama.
 - Ní mór do mhúinteoir an riachtanas seo a chomhlíonadh laistigh de thrí bliana ón dáta a rinneadh é nó í a chlárú den chéad uair. I gcásanna eisceachtúla, féadfaidh múinteoir iarratas a dhéanamh chuig an gComhairle le síneadh ama a chur leis an tréimhse trí bliana.
 - Féadfar Foirm B a chomhlánú i leith iarbhunscoileanna dara leibhéal atá aitheanta ag an stát i dtír ar bith.
 - Féadfar Foirm B a chomhlánú freisin ar bhonn seirbhíse múinteoireachta a dhéantar in Ionaid Oideachais in Éirinn atá aitheanta ag an Stát agus ina bhfuil ábhar curaclaim iarbhunscoile á mhúineadh.
 - Féadfar ábhair a mhúinteoir nach ndéanann Coimisiún na Scrúduithe Stáit in Éirinn scrúdú orthu (e.g., FETAC nó City & Guilds, etc.) a chur san áireamh mar chuid den riachtanas 100 uair an chloig.
 - Tabhair faoi deara, le do thoil, go rachaidh an clárú in éag i gcás nach gcomhlíontar an riachtanas maidir le Fostaíocht Iarcháilíochta (FIC) laistigh den tréimhse ama shonraithe, mura gceadaítear síneadh ama a chur leis an tréimhse sin.

5 Nósanna imeachta i scoileanna píolótacha Droichead

5.1 Droichead

- 5.1.1 Is ionann Droichead agus tréimhse de chleachtadh gairmiúil tacaíthe do mhúinteoir nuacháilithe (MNC), atá ina gné lárnach de shamhail nua ionduchtúcháin agus phromhaidh atá á cur i bhfeidhm i roinnt scoileanna ar bhonn píolótach. Tá na critéir agus Táscairí Dea-chleachtais a úsáidtear do phróiseas Droichead ar fáil in Aguisín 2. Nuair a bheidh próiseas Droichead críochnaithe go sásúil ag MNCanna, dearbhóidh a gcuid comhghairmithe gur éirigh leo critéir áirithe a chomhlíonadh agus bainfidh an Chomhairle Mhúinteoireachta an coinníoll a bhaineann le Droichead dá gclárú.
- 5.1.2 Is é príomhchuspóir Droichead forbairt ghairmiúil MNCanna a chur chun cinn trí thacaíocht chórasach a chur ar fáil dóibh le linn na céime ionduchtúcháin, rud a fhágfaidh go mbeidh dúshraith faoi fhás agus forbairt ghairmiúil an mhúinteora ina dhiaidh sin.
- 5.1.3 Príomhghné de chuid Droichead is ea an fháil a bhíonn ag an MNC ar mheantóir agus ar chomhghleacaithe eile a bhfuil taithí acu a dhéanann suas an Fhoireann Tacaíochta Gairmiúla (FTG). Is iad baill FTG múinteoirí ag a bhfuil taithí atá cláraithe go hiomlán agus atá ag obair in aon scoil leis an MNC nó i scoileanna sa chomharsanacht nó i scoileanna eile. Go hidéalach, beidh cúig bliana taithí nó os a cionn ag gach ball den FTG.
- 5.1.4 Beidh clárú MNC faoi réir an choinníll gur gá dó nó di páirt shásúil a ghlacadh in Droichead. Ní foláir dó nó di na nithe seo a leanas a dhéanamh chun coinníoll Droichead a chomhlíonadh:
- páirt a ghlacadh i bpróiseas ionduchtúcháin
 - tar éis an próiseas sin a chríochnú, dearbhú a fháil ó chomhghairmí (ó chomhghairmithe) ag a bhfuil taithí gur chomhlíon sé nó sí critéir áirithe agus
 - tréimhse íosta de chleachtadh gairmiúil iarcháilíochta a thabhairt chun críche. Is féidir an tréimhse sin a dhéanamh in aon scoil amháin nó níos mó.
- 5.1.5 Is iad seo a leanas critéir Droichead a ndearnadh tagairt dóibh in (b) thuas atá le comhlíonadh ag MNC:
- gur gá dó nó di páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí ionduchtúcháin scoilbhunaithe, arna mbunú ag an gComhairle Mhúinteoireachta, ar bhealach gairmiúil
 - gur gá dó nó di a léiriú go bhfuil sé nó sí tiomanta mar is cuí don mhúinteoireacht agus don fhoghlaim ardchaighdeán agus
 - gur gá dó nó di a léiriú gur féidir leis nó léi oibriú go neamhspleách mar mhúinteoir cáilithe atá cláraithe go hiomlán.
- 5.1.6 Tá táscairí dea-chleachtais forbartha ag an gComhairle Mhúinteoireachta a d'fhéadfadh cabhrú le FTGanna a chinneadh cé acu an bhfuil nó nach bhfuil critéir Droichead á gcomhlíonadh. Tá na Táscairí sin leagtha amach in Aguisín 2 agus pléitear iad le FTGanna i scoileanna píolótacha mar chuid dá bhforbairt ghairmiúil agus is féidir é a íoslódáil ó www.teachingcouncil.ie.
- 5.1.7 Nuair a dhearbhófar gur éirigh le MNC coinníoll Droichead a chomhlíonadh, bainfidh an Chomhairle an coinníoll sin de chlárú an mhúinteora. Nuair a bheidh na coinníollacha go léir comhlíonta, measfar deireadh a bheith tagtha le tréimhse phromhaidh an mhúinteora agus an múinteoir a bheith cláraithe go hiomlán.

5.2 Iarratas a dhéanamh chun tús a chur le Droichead

- 5.2.1 Tá múinteoir bunskoile atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi réir coinníollacha a bhaineann le hionduchtú agus promhadh/Droichead, agus fúthu sin amháin, incháilithe chun tús a chur le próiseas Droichead i bpost múinteoireachta i scoil píolótach.
- 5.2.2 Tá múinteoir iarbhunscoile atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi réir coinníollacha a bhaineann le hionduchtú agus FIC/Droichead, agus fúthu sin amháin, incháilithe chun tús a chur le próiseas Droichead i bpost múinteoireachta i scoil píolótach.

- 5.2.3 D'fhonn tús a chur le próiseas Droichead, ní foláir do MNC a bheith fostaithe i scoil atá cláraithe mar scoil phiólótach nó a bheith ar tí tosú ar fhostaíocht i scoil den tsórt sin agus ní foláir dó nó di a bheith cláraithe le hIonad Oideachais Luimnigh (LEC). Caithfidh go mairfidh an fhostaíocht sin ar feadh tréimhse 50 lá scoile as a chéile ar a laghad (bunscoil) nó 100 uair an chloig ar a laghad (iarbhunscoil) chun bheith aitheanta chun críocha Droichead.
- 5.2.4 Ní féidir iarratais a dhéanamh ach ar líne amháin trí Fhoirm DR1 a chur chuig Ionad Oideachais Luimnigh ar www.lec.ie.

5.3 Tús a chur le próiseas Droichead

- 5.3.1 Ní foláir do mhúinteoir Foirm DR1 a chomhlánú agus a chur isteach ar líne trí shuíomh gréasáin Ionad Oideachais Luimnigh, www.lec.ie chun iarratas a dhéanamh chun tús a chur le próiseas Droichead. Gheobhaidh sé nó sí dearbhú ar ríomhphost ón LEC agus caithfear é sin a chur ar fáil don FTG sula meastar go bhfuil tús curtha leis an bpróiseas.
- 5.3.2 Ba chóir do MNC teagmháil a dhéanamh lena mheantóir nó lena meantóir, agus cruinniú a iarraidh leis nó léi, go luath i ndiaidh dó nó di tús a chur leis an bhfostaíocht.
- 5.3.3 Go gairid ina dhiaidh sin, réachtálfar comhrá gairmiúil idir an MNC agus an FTG (féach 5.4) agus comhaontófar breac-phlean do phróiseas Droichead. Sa bhreac-phlean sin leagtar amach próiseas Droichead lena n-áirítear minicíocht na breathnóireachta ar chleachtadh agus minicíocht na gcomhráite gairmiúla. Áireofar amlínte táscacha chun moladh a chur faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta sa phlean chomh maith, ag féachaint d'fhad na tréimhse a bheidh an MNC fostaithe sa scoil.

5.4 Foireann Tacaíochta Gairmiúla

- 5.4.1 Is é is FTG ann foireann de mhúinteoirí ag a bhfuil taithí agus atá cláraithe go hiomlán, lena n-áirítear príomhoide agus meantóir, a oibríonn i gcomhar lena chéile chun tacú le MNC i rith phróiseas Droichead, agus a chabhraíonn le MNC agus é nó í ag dul isteach sa scoil agus sa ghairm. Cuirfear raon tacaí agus acmhainní ar fáil do FTG chun cabhrú leo a gcuid oibre a dhéanamh.
- 5.4.2 Go hiondúil, is iad baill an FTG múinteoirí cláraithe ón scoil chéanna leis an MNC nó d'fhéadfadh múinteoirí ó scoileanna sa chomharsanacht nó ó scoileanna eile a bheith i gceist. Go hidéalach, beidh cúig bliana taithí ag gach ball den fhoireann tacaíochta gairmiúla, agus beidh forbairt ghairmiúil Droichead a chuireann an CNIM ar fáil curtha i gcrích aige nó aici. Tá tuilleadh mionsonraí maidir le comhdhéanamh an FTG agus roil na mball éagsúla den FTG ar fáil in Droichead: *Treoir le hAghaidh Scoileanna 2015/2016*.
- 5.4.3 Is é ról an FTG tacaíocht agus treoir a chur ar fáil do MNCanna agus iad ag cur tús lena n-aistear gairmiúil agus, seachas an meantóir, teacht ar thuairim i ndáil le cleachtadh an MNC agus moladh i ndáil leis a chur faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta⁴. Más rud é go mbíonn níos mó ná múinteoir amháin ar FTG páirteach sa phróiseas a bhaineann le moladh a chur faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta, ba chóir dóibh teacht ar chomhaontú faoi dhul chun cinn an MNC sula síníonn siad an fhoirm. I ngach cás, beidh ról rialachais tábhachtach ag an bpríomhoide agus dearbhóidh sé nó sí gur ghlac an múinteoir páirt sa phróiseas sin ar bhealach gairmiúil.
- 5.4.4 Is é an FTG freisin a chinneadh cé na baill den fhoireann a dhéanfaidh breathnóireacht ar obair an MNC agus a thabharfaidh aiseolas ar bhonn na breathnóireachta sin.
- 5.4.5 Baineann Droichead go bunúsach le haistear gairmiúil an MNC ón tráth a bhaineann sé nó sí cáilíocht amach go dtí go ndéantar é nó í a chlárú go hiomlán, agus lena p(h)róiseas foghlama agus é nó í ag idirghníomhú le comhghleacaithe ag a bhfuil níos mó taithí agus machnamh á dhéanamh ar na comhráite gairmiúla a eagraítear agus ar a chleachtais nó ar a cleachtais teagaisc féin. Moltar don FTG gach deis a thapú chun saincheistanna agus dúshláin a phlé de réir mar a thagann siad chun cinn, agus raon tacaí a chur ar fáil a chuirfidh ar chumas an MNC aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin agus foghlaim uathu. Moltar don FTG freisin tacaíocht, comhairle agus treoir bhreise a lorg nuair is gá.

Dá chuimsithí a bhíonn an tacaíocht a chuirtear ar fáil, agus dá mhéad a bhíonn an leibhéal rannpháirteachais oscailte ag gach duine a ghlacfaidh páirt, is ea is fearr don MNC é.

4 I roinnt cásanna, d'fhéadfadh an príomhoide roghnú gan a bheith páirteach sa phróiseas a bhaineann le moladh a chur faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta, e.g. i gcás FTG idirscoile.

5.5 An riachtanas maidir le cleachtadh gairmiúil le haghaidh Droichead

- 5.5.1 Folaíonn Droichead dearbhú ó chomhghairmí (ó chomhghairmithe) ag a bhfuil taithí gur chomhlíon an MNC critéir shonracha Droichead agus gur éirigh leis nó léi tréimhse íosta de chleachtadh gairmiúil iarcháilíochta a thabhairt chun críche.
- 5.5.2 Sa scoilbhliain 2015/2016, beidh an t-íosriachtanas maidir le cleachtadh gairmiúil i gcás Droichead a bheag nó a mhór mar an gcéanna leis an riachtanas a bhaineann le MNCanna a ghlacann páirt sna próisis promhaidh (bunscoil) agus FIC (iarbhunscoil).
- 5.5.3 Ní mór an íostréimhse riachtanach de chleachtadh gairmiúil a chur isteach i scoil aitheanta nó in Ionad Oideachais ina múintear ábhar curaclaim nó ábhair churaclaim⁵. I gcásanna gur rinneadh an tréimhse de chleachtadh gairmiúil i níos mó ná suíomh amháin, is féidir tréimhsí éagsúla a chomhbhailiú chun an riachtanas iomlán maidir le cleachtadh a chomhlíonadh. In gcásanna den chineál sin, ba chóir don MNC a chinntiú go ndéanfaidh príomhoide gach scoile na réimsí iomchuí ar Fhoirm A a chomhlánú agus a shíniú.⁶
- 5.5.4 Ní féidir ach cleachtadh gairmiúil mar mhúinteoir cáilithe a chur san áireamh chun coinníoll Droichead a chomhlíonadh. Ní dhéanfar ach fostaíocht íoctha a áireamh.

5.6 Na riachtanais maidir le cleachtadh gairmiúil i gcás MNCanna bunscoile

- 5.6.1 Ní mór do mhúinteoir bunscoile 100 lá scoile ar a laghad a chur isteach ón dáta a ceapadh é nó í den chéad uair chuig post i mbunscoil atá aitheanta chun críocha Droichead chun na riachtanais maidir le cleachtadh gairmiúil a bhaineann le Droichead a chomhlíonadh. Is féidir an cleachtadh sin a dhéanamh ar bhonn buan, sealadach nó ionaid agus caithfidh na nithe seo a leanas a bheith i gceist leis:
- 100 lá as a chéile ar a laghad in aon suíomh amháin, nó
 - 100 lá ar a laghad, a fhéadfadh a dhéanamh i suíomhanna éagsúla in dhá thréimhse, agus gach tréimhse nach lú ná 50 lá as a chéile, nó
 - 120 lá scoile ar a laghad, a mbeidh bloc amháin de 50 lá as a chéile ar a laghad san áireamh ann.
- 5.6.2 Is féidir le múinteoir bunscoile páirt a ghlacadh i bpróiseas Droichead má tá sé nó sí fostaithe i gceann de na róil seo a leanas:
- múinteoir ranga príomhshrutha
 - múinteoir ranga speisialta i scoil phríomhshrutha
 - múinteoir i scoil speisialta nó i scoil ospidéil, nó
 - múinteoir acmhainne lánaimseartha do dhaltáí atá faoi mhíchumas íosmhínicíochta mar atá sainmhínte ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Féach 5.16, le do thoil, le haghaidh eolais faoi aitheantas do phróiseas Droichead i suíomhanna teoranta.

- 5.6.3 Caithfidh tréimhse de 50 lá scoile as a chéile ar a laghad i gceann de na suíomhanna ranga thuasluaite a bheith tugtha chun críche ag MNC sular féidir le FTG moladh a chur faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta maidir lena chleachtadh nó lena cleachtadh gairmiúil.

5.7 Na riachtanais maidir le cleachtadh gairmiúil i gcás MNCanna iarbhunscoile

- 5.7.1 Is féidir le múinteoir iarbhunscoile nuacháilithe páirt a ghlacadh i bpróiseas Droichead má tá sé nó sí fostaithe go buan, go sealadach nó mar mhúinteoir ionaid:
- in iarbhunscoil aitheanta
 - i scoil speisialta má tá roinnt de na mic léinn atá ag freastal uirthi in aois iarbhunscoile agus má tá an múinteoir ag múineadh ábhar curaclaim (ábhair churaclaim) iarbhunscoile ina mbeidh scrúdú Stáit i gceist do na mic léinn sin, nó
 - in Ionad Oideachais ina múintear ábhar curaclaim (ábhair churaclaim) iarbhunscoile.

5 De réir fhorálacha Alt 10 den Acht Oideachais, 1998

6 I gcásanna nach múinteoir cláraithe é Stiúrthóir an Ionaid Oideachais, síneoidh ball de FTG idirscoile nó POF/Oifigeach Oideachais an Bhoird Oideachais agus Oiliúna iomchuí na codanna cuí d'Fhoirm A ar an gcoinníoll gur múinteoir cláraithe é nó í.

- 5.7.2 Ní mór do mhúinteoir iarbhunscoile 300 uair an chloig d'fhostaíocht mhúinteoireachta a chur isteach i suíomh incháilithe, mar atá leagtha amach in 5.7.1 chun na riachtanais maidir le cleachtadh gairmiúil a bhaineann le Droichead a chomhlíonadh. Caithfidh baint a bheith ag dhá thrian (200 uair an chloig) ar a laghad den fhostaíocht cheadaithe le hábhar curaclaim nó ábhair churaclaim a mhúineadh nó treoirchomhairliú a sholáthar do rang ainmnithe ar chlár ama na scoile. Féadfar suas le haon trian (100 uair an chloig) den chleachtadh gairmiúil a chaitheamh ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le gníomhaíocht tacaíochta foghlama, riachtanas speisialta, tacaíochta teanga nó ar ghníomhaíocht teagaisc eile atá ar an gclár ama.
- 5.7.3 Caithfidh tréimhse 100 uair an chloig ar a laghad (as an 200 uair an chloig d'am múinteoireachta) a bheith tugtha chun críche ag MNC laistigh de shuíomh incháilithe mar atá leagtha amach in 5.7.1 sular féidir le FTG moladh a chur faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta maidir lena chleachtadh nó lena cleachtadh gairmiúil.

5.8 Breathnóireacht an MNC ar chleachtadh múinteoirí eile

- 5.8.1 Tá breathnóireacht ar mhúinteoirí eile agus iad i mbun teagaisc ina príomhghné d'eispéireas Droichead. Mar aon lena lán gnéithe eile de Droichead, ní dhearna an Chomhairle líon na sealanna breathnóireachta ar chóir a dhéanamh a fhorordú, mar is í cáilíocht na breathnóireachta, seachas líon na sealanna breathnóireachta, is tábhachtaí.
- 5.8.2 Moltar go ndéanfaidh MNC breathnóireacht sa seomra ranga dhá uair ar a laghad, agus moltar gur chóir líon cruinn na sealanna breathnóireachta agus na ranganna a ndéanfar breathnóireacht orthu a bheith bunaithe ar phlé idir an MNC agus an meantóir. Cé go n-aithnítear go bhféadfadh sé cur isteach ar lá teagaisc bhaill eile na foirne, is léir ón taithí ar an meantóireacht go dtí seo go mbaineann an MNC agus an comhghleacaí ag a bhfuil níos mó taithí araon an-tairbhe as an gcineál sin oibre. Iarrann an Chomhairle ar mhúinteoirí ag a bhfuil taithí smaoineamh air sin agus iad ag breithniú iarrataí ó MNCanna ar am breathnóireachta.
- 5.8.3 Ag leibhéal na iarbhunscoile, moltar go ndéanfaidh MNCanna breathnóireacht ar mhúinteoirí eile atá ag múineadh daltaí sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach, agus go n-áireofar ranganna gnáthleibhéil agus ardleibhéil araon. Nuair is féidir, ba chóir go mbainfeadh an bhreathnóireacht sin le hábhair sna réimsí ábhair inar ceapadh an MNC mar mhúinteoir, cé go bhfuil gach cineál breathnóireachta luachmhar.

5.9 Breathnóireacht an FTG ar chleachtadh an MNC

- 5.9.1 Is mar chuid de phróiseas tacaíochta ilghnéitheach í an bhreathnóireacht chun cabhrú lena fháil amach ar léirigh MNC go bhfuil sé nó sí tiomanta mar is cuí don mhúinteoireacht agus don fhoghlaím ardchaighdeán agus go bhfuil ar a chumas nó ar a cumas oibriú go neamhspleách mar mhúinteoir atá cláraithe go hiomlán.
- 5.9.2 Ba chóir go ndéanfaí an bhreathnóireacht a fhorbairt agus a mhúnlú go gairmiúil agus tairbhe ghairmiúil a bhaint aisti. Beidh gá le ball amháin nó níos mó den FTG líon sealanna breathnóireachta a dhéanamh. Braithfidh an líon uaireanta ar raon athróg. Mar shampla, b'fhéidir go mbeidh níos mó sealanna breathnóireachta de dhíth d'fhonn na réimsí le feabhas a dhéanamh agus le tacaíocht a thabhairt a aithint.
- 5.9.3 Chun go n-éireoidh leis an mbreathnóireacht (is cuma cén fhormáid bhreathnóireachta atá i gceist) ba chóir go mbeadh sí dírithe ar an bhfoghlaím agus ar an teagasc araon. Ina dhiaidh sin, ba chóir go ndéanfar an fócas a chinneadh ag féachaint do chritéir dea-chleachtais⁷ na Comhairle agus, go háirithe, na réimsí ina bhfuil an tacaíocht is mó ag teastáil. Déanfar na réimsí sin a chinneadh ar bhonn comhráite gairmiúla le MNC. Féach 5.10 le haghaidh tuilleadh mionsonraí.
- 5.9.4 Is faoin FTG a bheidh sé féachaint ar gach cás ar leith chun a chinneadh cé mhéad sealanna breathnóireachta a bheidh riachtanach iad sin a chomhordú laistigh de phlean iomlán scoilbhunaithe Droichead. Táthar ag súil go ndéanfaidh ball amháin nó níos mó den FTG breathnóireacht dhá uair ar a laghad laistigh de thréimhse 50 lá (ag an leibhéal bunscoile) nó tréimhse 100 uair an chloig (ag an leibhéal iarbhunscoile). Déantar é seo le cois aon bhreathnóireacht a dhéanfaidh an meantóir.
- 5.9.5 Beidh deiseanna ag MNCanna le haghaidh comhráite gairmiúla i ndiaidh na sealanna breathnóireachta a dhéanann ball amháin nó níos mó den FTG ar a gcleachtas (féach 5.10).

5.10 Comhráite gairmiúla

- 5.10.1 Le linn phróiseas Droichead, déanfaidh MNC teagmháil ó am go chéile le ball amháin nó níos mó den FTG. Tugtar comhráite gairmiúla ar an teagmháil sin.
- 5.10.2 D'fhéadfadh an MNC agus an meantóir (nó an MNC agus ball eile den FTG) an comhrá gairmiúil a úsáid mar dheis chun aiseolas neamhfhoirmiúil a thabhairt dá chéile ar bhonn duine le duine agus chun plé a dhéanamh ar shaincheisteanna a eascraíonn as cleachtadh laethúil an MNC. I gcásanna eile, d'fhéadfadh cruinniú réamheagraithe idir MNC agus ball amháin nó níos mó de FTG a bheith i gceist leis.
- 5.10.3 Úsáidfear an chéad chomhrá gairmiúil chun fáilte a chur roimh an MNC agus breac-phlean do phróiseas Droichead a leagan amach, lena n-áirítear amlínte táscacha chun moladh a chur faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta, i bhfianaise an fad a bheidh an MNC ag obair sa scoil.
- 5.10.4 Reáchtálfar comhráite gairmiúla eile tar éis breathnóireacht a dhéanamh ar chleachtadh an MNC. Is próiseas é gach comhrá gairmiúil a thugann deis don MNC agus do bhaill den FTG, ar bhonn aonair nó i ngrúpa, aiseolas a thabhairt faoin teagasc agus faoin bhfoghlaim a breathnaíodh. Is féidir leis an FTG an deis a thapú freisin chun treoir a thabhairt faoi na réimsí ina bhfuil gá le forbairt bhreise.
- 5.10.5 Toisc gur obair de chineál comhghleacúil í an mhúinteoireacht, is cleachtas an-dearfach é dúshláin seomra ranga atá ag teacht chun cinn a phlé le comhghleacaithe (lena n-áirítear baill den FTG). Mar sin, nuair a iarrann MNC treoir nó tacaíocht i ndáil le saincheist a bhaineann le cleachtadh gairmiúil mar chuid de chomhrá gairmiúil ba cheart glacadh leis mar ní atá dearfach agus ba cheart do bhaill FTG an cleachtas sin a spreagadh.

5.11 An Phunann d'Fhoghlaim Ghairmiúil

- 5.11.1 Agus é nó í ag gníomhú mar fhoghlaimeoir féindírthe, beifear ag súil leis go ndéanfaidh MNCanna punann ghairmiúil a chothabháil chun tacú leis an bpróiseas a bhaineann le machnamh a dhéanamh ar chleachtadh. Tugann an phunann fócas do na comhráite gairmiúla atá ag croilár Droichead agus cur ar chumas an MNC réimsí a aithint ina bhféadfadh tacaíocht nó treoir a bheith ag teastáil uaidh nó uathí. Tá tuilleadh eolais faoin bPunann d'Fhoghlaim Ghairmiúil ar fáil in *Droichead: Treoir le haghaidh Scoileanna 2015/2016*.

5.12 Taifid atá le coinneáil ag an MNC

- 5.12.1 Beifear ag súil leis go ndéanfaidh MNCanna taifead a choinneáil maidir le próiseas Droichead. Ba chóir go mbeadh taifead ar na torthaí comhaontaithe a d'eascair as comhráite gairmiúla tar éis na breathnóireachta san áireamh leis seo. Tá teimpléad chun torthaí sealanna breathnóireachta a thaifeadadh ar fáil ó CNIM. Nuair a dhéanfaidh an MNC agus an múinteoir ag a bhfuil taithí a rinne breathnóireacht ar chleachtadh MNC an taifead a chomhaontú, ba chóir don MNC é a roinnt leis an FTG.
- 5.12.2 Ba chóir don MNC taifead a choinneáil maidir le comhráite gairmiúla eile chomh maith agus, mar atá leagtha amach thuas, ba chóir é a chomhaontú le cibé baill den FTG a bhí páirteach iontu. Go hidéalach, ba chóir taifid den tsórt sin a choinneáil go leictreonach ionas go mbeidh sé éasca teacht orthu agus iad a roinnt le baill eile FTG agus le taighdeoirí le linn na céime píolótaí.
- 5.12.3 Agus taifid ar phróiseas Droichead á gcoinneáil aige nó aici, ba chóir go mbeadh meas ag MNCanna ar phríobháideacht daoine eile agus ar rúndacht faisnéise a fhaightear le linn an phróisis. Ba chóir go mbeidís aireach ar riachtanais a bhaineann le heitic agus cosaint sonraí chomh maith, trí shonraí a úsáid gan ainm a lua leo nuair is cuí agus trína chinntiú go ndéantar taifid a bhaineann le próiseas Droichead a stóráil ar bhealach slán.

5.13 Taifid atá le coinneáil ag an FTG

- 5.13.1 Déanfaidh baill FTG nótaí faoin mbreathnóireacht a dhéanfaidh siad ar chleachtadh an MNC a bhreacadh síos agus tabharfaidh na nótaí sin treoir do na torthaí comhaontaithe a dhéanfaidh an MNC a thaifeadadh tar éis an chomhrá ghairmiúil iar-bhreathnóireachta. Tá teimpléad le haghaidh breathnóireachta inar féidir torthaí breathnóireachta a thaifeadadh ar fáil ón CNIM agus cuirfear treoir ar fáil maidir leis na teimpléid sin a úsáid.

- 5.13.2 Ní mór do bhaill FTG taifead éigin a choinneáil faoin machnamh a dhéanfaidh siad ar a dtaithí ar an bpróiseas chun go gcuirfean an t-eolas uile is cuí ar fáil don tionscadal taighde. Go hidéalach, ba chóir taifid den tsórt sin a choinneáil go leictreonach ionas go mbeidh sé éasca teacht orthu agus iad a roinnt le taighdeoirí le linn na céime píolótaí.
- 5.13.3 Iarrtar ar scoileanna na taifid a chruthóidh siad a choinneáil ar feadh trí bliana tar éis próiseas Droichead a thabhairt chun críche, faoi réir a mbeartas maidir le cosaint sonraí, d'fhonn próisis dearbhaithe cáilíochta agus sásraí achomharc na Comhairle a éascú.
- 5.13.4 Agus taifid ar phróiseas Droichead á gcoinneáil acu, ba chóir go mbeadh meas ag baill FTG ar phríobháideacht daoine eile agus ar rúndacht faisnéise a fhaightear le linn an phróisis. Ba chóir go mbeidís aireach ar riachtanais a bhaineann le heitic agus cosaint sonraí chomh maith trí shonraí a úsáid gan ainm a lua leo nuair is cuí, agus aon bheart is gá a dhéanamh chun rochtain ar fhaisnéis íogair a theorannú.
- 5.13.5 Má fhágann MNC scoil agus thug sé nó sí roinnt de phróiseas Droichead nó an próiseas iomlán chun críche, ba chóir cóip de na taifid chúí atá ag an scoil maidir leis an bpróiseas sin a thabhairt dó nó di.

5.14 Próiseas Droichead a thabhairt chun críche

- 5.14.1 Go hidéalach, tabharfaidh an MNC faoi phróiseas Droichead le linn na tréimhse ama ina bhfuil sé/sí sa phost atá aitheanta do phróiseas Droichead. Aontóidh an FTG i gcomhairle leis an MNC amlíne don phróiseas.
- 5.14.2 Caithfidh tréimhse de 50 lá scoile as a chéile ar a laghad in aon suíomh ranga amháin a bheith tugtha chun críche ag múinteoir nuacháilithe bunscóile sular féidir leis an FTG moladh a chur faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta maidir lena chleachtadh nó lena cleachtadh gairmiúil.
- 5.14.3 Caithfidh tréimhse 100 uair an chloig ar a laghad a bheith tugtha chun críche ag múinteoir nuacháilithe iarbhunscoile sular féidir leis an FTG moladh a chur faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta maidir lena chleachtadh nó lena cleachtadh gairmiúil. Ní mór an 100 uair an chloig sin a chaitheamh agus ábhar curaclaim (ábhair churaclaim) a mhúineadh nó treoirchomhairliú a sholáthar do rang ainmnithe ar chlár ama na scoile laistigh de shuíomh amháin (féach 5.5.3 le haghaidh tuilleadh eolais maidir leis na suíomhanna incháilithe).
- 5.14.4 Ní mór a thabhairt faoi deara gurb iad seo na híostréimhsí cleachtaidh, agus go gcreideann an Chomhairle, más rud é go mbeidh tréimhse chleachtaidh MNC i scoil níos faide ná na tréimhsí sin, gur fearr gan moladh a chur faoina braid go dtí go mbeidh a thréimhse nó a tréimhse sa scoil beagnach críochnaithe. Is féidir leis an FTG tréimhse bhreise de chleachtadh gairmiúil a mholadh freisin ionas gur féidir leis an MNC leas a bhaint as tacaí breise chun cabhrú lena fhorbairt nó lena forbairt.
- 5.14.5 Nuair a bheidh MNC ag druidim le deireadh phróiseas Droichead, de réir an fhráma ama tháscaigh a comhaontaíodh ag tús an phróisis, réachtálfar comhrá gairmiúil idir an MNC agus baill den FTG. Faoin tráth sin, beifear ag súil leis go mbeidh MNC tar éis na nithe seo a leanas a dhéanamh:
- Íostréimhse riachtanach de chleachtadh gairmiúil (tréimhse amháin 50 lá i bhfad ar a laghad i gcás múinteoirí bunscóile, agus tréimhse 100 uair an chloig i gcás múinteoirí iarbhunscoile) a thabhairt chun críche
 - páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí ionduchtúcháin scoilbhunaithe, arna mbunú ag an gComhairle Múinteoireachta, ar bhealach gairmiúil
 - a léiriú go bhfuil sé nó sí tiomanta mar is cuí don mhúinteoireacht agus don fhoghlaim ardchaighdeán, agus
 - a léiriú gur féidir leis nó léi oibriú go neamhspleách mar mhúinteoir cáilithe atá cláraithe go hiomlán.
- 5.14.6 Sa chuid is mó de chásanna, beidh moladh déanta ag roinnt múinteoirí ag a bhfuil taithí, a bheidh ag obair i gcomhar lena chéile. D'fhéadfadh sé tarlú, áfach, nach mbeidh ar chumas príomhoide FTG a bhunú, mar gheall ar mhéid na scoile, mar shampla. I gcásanna den tsórt sin, féadfaidh sé nó sí féachaint ar an bhféidearthacht le nasc a dhéanamh le scoil nó scoileanna eile agus FTG idirscoile a bhunú, nó féadfaidh sé nó sí moladh a chur faoi bhráid na Comhairle é nó í féin. I gcásanna eile, nuair nach mbeidh ina mbaill de FTG ach príomhoide, meantóir agus ball comhlach seachtrach ó scoil eile, féadfaidh an príomhoide a roghnú gan páirt a ghlacadh sa phróiseas a bhaineann le moladh faoi MNC a chur faoi bhráid na Comhairle, agus ní bhainfidh a ról ach le tacaíocht a thabhairt d'ionduchtú MNC agus le dearbhú a thabhairt gur rinneadh an próiseas. I gcásanna den tsórt sin, is é an ball comhlach seachtrach amháin a chuirfeadh moladh faoi bhráid na Comhairle gur chóir coinníoll Droichead a bhaint de chlárú an MNC.

5.14.7 Ag deireadh phróiseas Droichead, d'fhéadfadh ceann de na tuairimí seo a leanas a bheith ag an FTG:

- go bhfuil riachtanas Droichead comhlíonta ag an MNC (féadfaidh sé seo a bheith faoi réir tréimhsí breise de chleachtadh gairmiúil a chur isteach)
- nach mór tréimhse bhreise (nó tréimhsí breise) de chleachtadh gairmiúil a chur isteach sular féidir moladh a dhéanamh nó
- go bhfuil cúnaimh ón gCigireacht ag teastáil.

5.14.8 Mura bhfuil an FTG cinnte, ag féachaint do chleachtadh MNC, cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil sé cuí moladh a chur faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta, féadfaidh an FTG treoir a lorg ag na cruinnithe cnuasaigh nó trí na córais ghutháin nó ríomhphoist a bhunófar chun tacú le FTGanna. Beidh an CNIM in ann tacaí breise a chur ar fáil tríd an seirbhís tacaíochta scoile. Is é is cuspóir don tseirbhís sin tacú leis an FTG (lena n-áirítear an meantóir) agus leis an MNC agus treoir a thabhairt dóibh, agus áirítear inti tacaí gutháin/ríomhphoist, cuairteanna ar an scoil, planáil gníomhaíochta, etc. Sa chás go mbeidh amhras ar an FTG fós, tar éis tacaí den tsórt sin a bheith curtha ar fáil, faoi dhearbhu a thabhairt gur éirigh leis an MNC Droichead a chríochnú go sásúil, féadfaidh sé a chinneadh gur chóir don MNC tréimhse bhreise de chleachtadh gairmiúil a chur isteach agus leas a bhaint as tacaí breise sula ndéanfar moladh. Ag deireadh na tréimhse sin, eagrófar comhrá gairmiúil eile leis an FTG.

5.14.9 Tar éis di am breise agus tacaíocht bhreise a chur ar fáil, féadfaidh an FTG, tar éis dul i gcomhairle leis an CNIM, cinneadh a dhéanamh cúnaimh a iarraidh ón gCigireacht. Déantar é seo trí Fhoirm DR2OCI, atá le cur isteach ag an bpríomhoide chuig Oifig an Phríomh-Chigire. Ansin, déanfaidh an Chigireacht breathnóireacht agus meastóireacht ar chleachtadh an MNC, tabharfar aiseolas ó bhéal don MNC agus don phríomhoide agus cuirfear moladh faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta.

Cuir ríomhphost chuig probation@lec.ie chun Foirm DR2OCI a iarraidh.

5.14.10 Níor chóir cúnaimh a iarraidh ón gCigireacht ach amháin má theipeann ar gach iarracht eile aghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí atá ag an MNC trí thacaí, treoir agus comhairle eile a sholáthar. Más rud é nach n-éiríonn leis an MNC a léiriú laistigh de thréimhse 50 lá (múinteoirí bunscoile) nó 100 uair an chloig (múinteoirí iarbhunscoile) go gcomhlíonann sé nó sí critéir Droichead, ba chóir am breise agus treoir bhreise a chur ar fáil sula n-iarrfar cúnaimh láithreach ón gCigireacht.

5.15 Ag cur in iúl don Chomhairle Mhúinteoireachta go bhfuil Droichead críochnaithe

5.15.1 D'fhonn riachtanais Droichead a chomhlíonadh, ní mór go gcuirfidh FTG moladh faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta á rá gur chomhlíon an MNC critéir áirithe agus gur chríochnaigh sé nó sí an tréimhse shonraithe de chleachtadh gairmiúil.

5.15.2 A luaithe agus a chomhlíonfaidh MNC an dá riachtanas sin agus go mbeidh an comhlíonadh sin fíoraithe mar is iomchuí, beidh an MNC in ann Foirm A chomhlánaithe atá ar fáil ar www.teachingcouncil.ie a chur chuig an gComhairle Mhúinteoireachta. Ní foláir do MNCanna cóip den ríomhphost ó Ionad Oideachais Luimnigh a dheimhniú gur chomhlánaigh agus gur chuir siad isteach foirm DR1 i.e. cláraithe do phróiseas Droichead, a cheangal le Foirm A. Déanfaidh an Chomhairle an fhoirm a sheiceáil agus má tá gach rud ann in ord, bainfear coinníoll Droichead, mar is cuí, de thairfead clárúcháin an MNC agus seolfar dearbhú i scríbhinn chuig an múinteoir i ndáil leis sin.

5.15.3. D'fhonn clárú iomlán a fháil, ní mór do MNC riachtanais Droichead agus aon choinníoll clárúcháin eile atá i bhfeidhm air nó uirthi a chomhlíonadh.

5.16 Próiseas Droichead i suíomhanna teoranta (bunscoil)

5.16.1 De ghnáth, tabharfaidh múinteoir bunscoile faoi phróiseas Droichead le linn dó nó di a bheith fostaithe mar mhúinteoir ranga príomhshrutha. I gcásanna áirithe, féadfaidh gur mian le múinteoir atá fostaithe i suíomh teoranta tabhairt faoi phróiseas Droichead sa suíomh sin. Féadfar cuid de phróiseas Droichead a dhéanamh má tá múinteoir fostaithe i gceann amháin de na ról teoranta seo a leanas:

- múinteoir ranga speisialta i scoil príomhshrutha
- múinteoir i scoil speisialta nó i scoil ospidéil, nó
- múinteoir acmhainne lánaimseartha do dhaltaí atá faoi mhíchumas íosmhínicíochta.

- 5.16.2 De ghnáth, ní bhíonn deis ag múinteoir atá fostaithe i suíomh teoranta an curaclam iomlán a mhúineadh agus taithí a fháil i réimsí cosúil le bainistiú ranga iomláin. Ní féidir raon iomlán na n-inniúlachtaí gairmiúla a mheas i suíomhanna teoranta ná breathnú ar dhul chun cinn leanúnach i bhfoghlaim ranga iomláin daltaí. Is é sin an chúis nach féidir leis an gComhairle Mhúinteoireachta coinníoll Droichead a bhaint de chlárú múinteora má éiríonn leis nó léi próiseas Droichead a chríochnú i suíomh teoranta. Déanfar Clár na Múinteoirí a nuashonrú, áfach, chun a léiriú gur éirigh leis nó léi próiseas Droichead a chríochnú i suíomh teoranta. Ní bheidh feidhm ag na riachtanais srianta ama a bhaineann le coinníoll Droichead maidir le múinteoir den tsórt sin fad a bheidh sé nó sí fostaithe i suíomh den tsórt sin.
- 5.16.3 Ní foláir do MNCanna bunscoile a thugann próiseas Droichead chun críche i suíomh teoranta agus atá incháilithe chun oibriú i suíomhanna ranga príomhshrutha próiseas Droichead nó an próiseas promhaidh a chríochnú i suíomhanna den tsórt sin laistigh de dhá bhliain tar éis post a ghlacadh i seomra ranga príomhshrutha.

5.17 Gearáin agus achomhairc

- 5.17.1 Ba cheart d'aon MNC atá imníoch faoi aon ghné de phróiseas Droichead déileáil leis na cúiseanna imní sin a luaite agus is féidir. Is féidir leis nó léi na hábhair imní a ardú go neamhfhoirmiúil ar dtús lena mheantóir nó lena meantóir, nó is féidir leis nó léi iad a ardú ar shlí níos foirmiúla sna comhráite gairmiúla leis an FTG, más gá sin i bhfianaise chineál na n-ábhar imní atá i gceist.
- 5.17.2 Sa chás go mbraitheann an MNC nach bhfuil aghaidh á tabhairt ar na hábhair imní ar bhealach sásúil, féadfaidh sé nó sí teagmháil a dhéanamh leis an CNIM.
- 5.17.3 Mar atá leagtha amach in 5.6, ní mór do mhúinteoir bunscoile atá ag iarraidh coinníoll Droichead a chomhlíonadh tréimhse de chleachtadh gairmiúil nach lú ná 100 lá (nó 120 lá i gcásanna áirithe) a thabhairt chun críche. Mar atá leagtha amach in 5.7, ní mór do mhúinteoir iarbunscoile tréimhse de chleachtadh gairmiúil nach lú ná 300 uair an chloig a thabhairt chun críche.

Más rud é, ag deireadh na tréimhse sin agus tar éis leas a bheith bainte as an nós imeachta gearán, gur dóigh le MNC nár réachtáladh próiseas Droichead de réir na bprionsabal agus na nósanna imeachta arna leagan síos ag an gComhairle Mhúinteoireachta⁸, féadfaidh sé nó sí achomharc a chur faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta. Ní mór achomhairc den tsórt sin a chur isteach i scríbhinn laistigh d'aon mhí amháin ó dheireadh na tréimhse cleachtaidh iomchuí mar atá leagtha amach in 5.6 agus in 5.7.

- 5.17.4 Ba chóir an fhianaise dhoiciméadach seo a leanas a áireamh in aon achomhairc a dhéantar:
- ainm agus uimhir chlárúcháin an MNC
 - an scoil ina raibh próiseas Droichead ar siúl agus an uimhir rolla lena mbaineann
 - an tréimhse ama inar réachtáladh próiseas Droichead agus
 - mionsonraí phróiseas Droichead a rinne an MNC a thaifeadadh ina phunann nó ina punann d'fhoghlaim ghairmiúil, agus na cúiseanna gur dóigh leis nó léi nár réachtáladh próiseas Droichead de réir na bprionsabal agus na nósanna imeachta arna leagan síos ag an gComhairle Mhúinteoireachta.
- 5.17.5 Déanfaidh painéal achomharc ar a mbeidh comhaltáí de chuid na Comhairle agus athbheithneoirí seachtracha achomhairc a bhreithniú. Beidh ceann amháin den dá thoradh seo a leanas ar achomharc:
- cinneadh gur réachtáladh próiseas Droichead de réir na bprionsabal agus na nósanna imeachta arna leagan síos ag an gComhairle Mhúinteoireachta agus gur chóir go seasfadh toradh an phróisis, nó
 - cinneadh nár réachtáladh próiseas Droichead de réir na bprionsabal agus na nósanna imeachta arna leagan síos ag an gComhairle Mhúinteoireachta agus gur chóir toradh an phróisis a chur i leataobh agus, de réir mar is cuí, an tréimhse ama nach mór coinníoll Droichead a chomhlíonadh lena linn a shíneadh ar feadh tréimhse forordaithe.
- 5.17.6 Déanfar toradh an achomhairc a chur in iúl i scríbhinn don MNC agus do phríomhoide na scoile inar réachtáladh próiseas Droichead.

8 Tá na prionsabail leagtha amach in *Droichead*: Beartas maidir le samhail nua ionduchtúcháin agus phromhaidh.

6 Gluaiseacht idir scoileanna píolótacha agus scoileanna neamhphíolótacha

6.1 Réamhrá

Siocair an cineál fostaíochta a bhíonn ag MNCanna le linn a gcéad bhlianta cleachtaidh, bítear ag dréim leis go mbogfaidh roinnt múinteoirí ó scoileanna píolótacha go scoileanna neamhphíolótacha agus ó scoileanna neamhphíolótacha go scoileanna píolótacha. Ba chóir cleachtadh gairmiúil, i scoileanna píolótacha agus neamhphíolótacha araon, cé acu an bhfuarthas nó nach bhfuarthas moladh i ndáil le Droichead, promhadh nó FIC mar thoradh air, a chur i gcuntas agus a áireamh nuair a bhíonn riachtanas ama a bhaineann lena gcoinníoll clárúcháin á ríomh.

6.2 Samplaí i gcleachtas

6.2.1 I gcásanna:

- a) go dearna an Chigireacht measúnacht ar inniúlachtaí mar chuid den phróiseas promhaidh (bunscoil), nó
- b) go ndearna FTG moladh gur chóir coinníoll Droichead a bhaint (bunscoil agus iarbhunscoil)

agus go mbogfaidh múinteoir chuig scoil eile, is é an t-aon ghné den choinníoll iomchuí a bheidh fós le comhlíonadh aon riachtanas ama a bheidh gan chomhlíonadh, agus féadfar an riachtanas sin a chomhlíonadh i scoil píolótach nó i scoil neamhphíolótach.

6.2.2 I gcásanna:

- a) nach dearna an Chigireacht measúnacht ar inniúlachtaí mar chuid den phróiseas promhaidh (bunscoil), nó
- b) nach ndearna FTG moladh gur chóir coinníoll Droichead a bhaint (bunscoil agus iarbhunscoil), nó
- c) nár comhlíonadh riachtanais FIC go hiomlán (iarbhunscoil)

agus go mbogfaidh múinteoir chuig scoil eile, féadfar aon tréimhsí de chleachtadh gairmiúil a chur san áireamh nuair atá an riachtanas ama tríd is tríd á ríomh. Braithfidh an próiseas a dhéanfar sa dara scoil ar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an scoil ag glacadh páirte i gclár píolótach Droichead.

6.2.3 I ngach cás ní mór do mhúinteoirí a chinntiú go gcomhlíonann siad a riachtanais seirbhíse mar atá leagtha amach in 5.6 do mhúinteoirí bunscoile agus in 5.7 do mhúinteoirí iarbhunscoile.

7 Sonraí teagmhála

AN CINEÁL FIOSRÚCHÁIN	MIONSONRAÍ TEAGMHÁLA
MNCanna a dhéanann iarratas chun tús a chur le promhadh nó Droichead	<p>Deasc na Múinteoirí ar Promhadh Ionad Oideachais Luimnigh Teach Marshal Bóthar Thuar an Daill Luimneach</p> <p>teil: +353 (0)61 585 060, folíne: 4 r-phost: probation@lec.ie s. gréasáin: www.lec.ie</p>
Scoileanna a bhfuil spéis acu i bpáirt a ghlacadh in Droichead	<p>Comhlánaigh an Fhoirm chun Clárú mar Scoil Droichead ar www.teacherinduction.ie</p>
MNCanna atá ag iarraidh tús a chur le ceardlanna de chuid an CNIM mar chuid den Chlár Ionduchtúcháin	<p>Déan teagmháil le d'ionad oideachais lánaimseartha áitiúil www.ateci.ie</p>
Fiosrúcháin maidir le Clár Ionduchtúcháin an CNIM	<p>An Clár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí teil: +353 (0)1 884 2315 / +353 (0)1 884 2257 r-phost: info@teacherinduction.ie s. gréasáin: www.teacherinduction.ie</p>
Clárú múinteoirí	<p>An Chomhairle Mhúinteoireachta teil: Íosghlao 1890 224 224 nó +353 (0)1 651 7900 r-phost: info@teachingcouncil.ie s. gréasáin: www.teachingcouncil.ie</p>

Aguisín 1

Na Critéir le haghaidh Cigireachtaí Promhaidh

Pleanáil, ullmhúchán agus dul chun cinn a thaifeadadh

Léiríonn an MNC go bhfuil sé nó sí ag dul i ngleic le pleanáil fhadtéarmach agus ghearrthéarmach de réir bheartais na scoile (e.g., beartais measúnachta agus beartais iomchuí eile i ndáil le teagasc agus foghlaim) agus churaclam na bunscoile faoi na critéir seo a leanas:

- Forbraíonn sé nó sí clár ama leordhóthanach don rang faoi threoir an chreata ama sheachtainiúil íosta atá sonraithe i gCuraclam na Bunscoile agus na moltaí atá i gCiorclán 56/2011⁹
- Cuireann sé nó sí spriocanna teagasc agus foghlama ar fáil atá soiléir agus oiriúnach ag féachaint go cuí do Churaclam na Bunscoile agus don Phlean Scoile
- Ullmhaíonn sé nó sí raon cuí acmhainní
- Déanann sé nó sí pleanáil do dhifriochtaí i gcumas, i gcúlraí agus i stíleanna foghlama na ndaltaí
- Coinníonn sé nó sí taifid ardchaighdeán maidir le dul chun cinn.

Bainistiú agus eagrú an tseomra ranga

Léiríonn an MNC scileanna maithe i ndáil le bainistiú seomra ranga faoi na critéir seo a leanas:

- Cuireann sé nó sí iompar maith chun cinn trí chórais bhainistíochta iompair iomchuí a úsáid
- Cothaíonn sé nó sí caidreamh láidir le daltaí (lena n-áirítear trí mholadh agus aiseolas dearfach a thabhairt).
- Cuireann sé nó sí timpeallacht foghlama tharraingteach ar fáil (leagan amach, caighdeán an taispeántais lena n-áirítear obair na ndaltaí, ionaid suime etc.)
- Baineann sé nó sí úsáid éifeachtach as acmhainní
- Bainistíonn sé nó sí tacaíocht ó Chúntóir Riachtanas Speisialta sa seomra ranga (de réir mar is cuí).

Cáilíocht na múinteoireachta ar fud réimsí an churaclaim

Léiríonn an MNC tiomantas sásúil do mhúinteoireacht ardchaighdeán faoi na critéir seo a leanas:

- Cleachtann sé nó sí go neamhspleách trí thacaíocht, treoir agus spreagadh a thabhairt do dhaltaí d'fhonn torthaí foghlama ardchaighdeán a bhaint amach
- Baineann sé nó sí úsáid as raon cuí de mhodhanna teagasc, acmhainní agus modhanna measúnachta
- Clúdaíonn sé nó sí raon cuí ábhair
- Freastalaíonn sé nó sí ar dhifriochtaí i gcumas, i gcúlraí agus i stíleanna foghlama daltaí le haird ar leith ar leibhéil airde agus ghlacachta na ndaltaí
- Léiríonn sé nó sí scileanna maithe cumarsáide
- Déanann sé nó sí ceachtanna a struchtúru go cuí agus a theagasc ag luas cuí
- Déanann sé nó sí cinnte de go dtugtar aird ar leanúnachas agus ar dhul chun cinn.

Cáilíocht foghlama na ndaltaí i réimsí curaclaim

Léiríonn an MNC tiomantas sásúil d'fhoghlaim ardchaighdeán faoi na critéir seo a leanas:

- Déanann sé nó sí cinnte go bhfuil na daltaí ag obair ar an tasc cuí agus go bhfuil cuspóir lena gcuid oibre
- Cuireann sé nó sí ar chumas na ndaltaí eolas cuí ar ábhair a múineadh, ar scileanna agus ar mheonta a léiriú
- Déanann sé nó sí cinnte de go bhfuil torthaí foghlama na ndaltaí ar ardchaighdeán.

(Foinse: An Chigireacht, An Roinn Oideachais agus Scileanna)

Aguisín 2

Na Táscairí Dea-chleachtais le haghaidh Droichead

CRITÉAR	TÁSCAIRÍ DEA-CHLEACHTAIS
Éireoidh le MNC na nithe seo a leanas a dhéanamh...	Éireoidh leis an MNC na nithe seo a leanas a dhéanamh...
páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí ionduchtúcháin scoilbhunaithe, arna mbunú ag an gComhairle Mhúinteoireachta, ar bhealach gairmiúil	<ul style="list-style-type: none"> ○ cur chuige réamhghníomhach a úsáid i ndáil lena fhoghlaim nó lena foghlaim féin agus i ndáil le machnamh ar a chleachtadh nó ar a cleachtadh féin ○ páirt chuiditheach a ghlacadh i raon leathan d'eispéiris ghairmiúla ○ oibriú go rathúil mar bhall foirne agus cur le comhráite gairmiúla leis an FTG ○ páirt iomlán a ghlacadh i saol na scoile i gcomhréir leis an gcéim ag a bhfuil sé nó sí sa leanúntas d'oideachas múinteoirí ○ deiseanna a lorg chun breathnóireacht a dhéanamh ar mhúinteoirí eile agus comhoibriú leo agus na deiseanna sin a thapú agus tacaíocht a lorg agus leas a bhaint aisti agus glacadh le haiseolas cuiditheach ó FTG
a léiriú go bhfuil sé nó sí tiomanta mar is cuí do mhúinteoireacht agus foghlaim ardchaighdeán	<ul style="list-style-type: none"> ○ pleanáil fhadtéarmach agus ghearrthéarmach a dhéanamh, agus cleachtadh a dhéanamh atá ar aon dul le beartais scoile (go háirithe i ndáil le hobair bhaile, measúnacht agus beartais teagaisc agus foghlama iomchuí eile) agus leis an gcuraclam/siollabas náisiúnta nó leis an tsonraíocht iomchuí ○ úsáid a bhaint as raon modheolaíochtaí teagaisc, acmhainní agus modhanna measúnachta cuí atá i gcomhréir lena chéim nó lena céim forbartha ○ ceachtanna a struchtúrú mar is cuí agus a mhúineadh ag luas cuí ○ freastal ar dhaltaí/ar mhic léinn ag a bhfuil leibhéil éagsúla cumais, ó chúlraí éagsúla agus le stíleanna foghlama éagsúla ○ raon cuí ábhair a chlúdach
a léiriú go bhfuil sé nó sí tiomanta mar is cuí do mhúinteoireacht agus foghlaim ardchaighdeán	<ul style="list-style-type: none"> ○ scileanna maithe cumarsáide a léiriú ○ dea-scileanna bainistíochta seomra ranga a léiriú ○ caidreamh measúil, cúirtéiseach a chothú le pobal iomlán na scoile, lena n-áirítear tuismitheoirí, ag féachaint do na luachanna agus na caighdeáin atá leagtha amach sa Chód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí agus do Chód Iompair na scoile, do Bheartas Cosanta Leanaí na scoile agus d'aon bheartais eile is iomchuí ○ tacaíocht a thabhairt do dhaltaí/do mhic léinn, iad a threorú agus iad a spreagadh chun go n-éireoidh leo torthaí foghlama ardcháilíochta a bhaint amach, lena n-áirítear san obair scríofa ○ a léiriú go bhfuil ar a chumas nó ar a cumas breithiúnas gairmiúil a úsáid agus é nó í ag déileáil le raon saincheisteanna agus imthosca agus ○ comhoibriú go gníomhach le comhghleacaithe i gcomhthéacs scoile atá mar phobal foghlama gairmiúil, agus treoir agus tacaíocht a org uathu de réir mar is gá.

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

Bloc A, Campus Gnó Mhaigh Nuad,
Maigh Nuad, Co. Chill Dara, W23 Y7X0, Éire

Íosghlao 1890 224 224
Teileafón +353 1 651 7900
Facs +353 1 651 7901
R-phost info@teachingcouncil.ie

www.teachingcouncil.ie

An Chomhairle
Mhúinteoireachta
The Teaching Council

